



# Tuarascáil Bhliantúil 2023

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023



Cuireadh an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú ar bun an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Is leis an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú cóipcheart na tuarascála seo de bhua alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní fhéadfaidh aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a tháirgeadh, a atáirgeadh ná a sheachadadh i bhfoirm ar bith ná trí mhodh ar bith gan cead a fháil roimh ré ón mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú.

Féadfaidh aon duine an tuarascáil seo a úsáid chun críocha oideachais.

Arna foilsiú ag an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú © 2024

# Clár na nÁbhar

## Cuid 1

1. Ráiteas an Chathaoirligh 4

2. Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta 10

3. Réamhrá maidir le Teagmhais agus Imscrúduithe 14

4. Achoimre ar na Teagmhais a Imscrúdaíodh a thit amach le linn 2023 15

5. Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh 2023 20

6. Comparáidí idir Taismí Muirí 2014 – 2023 29

7. Treochtaí maidir le Básanna 2014 – 2023 30

8. Aguisín A 31

## Cuid 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023 33

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Claire Callanan,**
An Cathaoirleach

A Aire, a chara,

I gcomhréir leis na ceanglais in alt 21 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, cuirim an t-aonú tuarascáil is fiche ar Theagmhais agus Imscrúduithe ón mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MCIB) faoi do bhráid, ina bpléitear an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Cuirfear cuntais iniúchta an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú faoi do bhráid níos deireanaí sa bhliain agus an t-iniúchadh bliantúil curtha i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuirfear an tuarascáil seo agus Ráiteas Airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú le chéile ansin chun Tuarascáil Bhliantúil MCIB, 2023, a chur ar fáil lena foilsiú ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie.

### Forléargas ar 2023

Chuir an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú tús le himscrúduithe ar dheich gcinn de thaismí muirí in 2023. Teagmhais mharfacha a bhí in ocht gcinn acu. Figiúr an-ard atá ansin má chuirtear san áireamh nár taifeadadh aon bhásanna in 2021 ná in 2022. As na hocht n-imscrúdú a rinneadh a raibh bás duine ag baint leo, tharla trí cinn acu ar árthaí iascaireachta agus bhí baint ag cúig cinn acu le hárthaí áineasa – árthaí slatiascaireachta áineasa, bád innill áineasa agus feithicil scairdsciála ina measc. Léiriú atá sna figiúirí seo ar chomh contúirteach atá an obair i dtionscal na hiascaireachta agus ar na dálaí éagsúla is cúis le drochscéalta mar seo san earnáil áineasa. Má bhíonn bás ann, bíonn MCIB ag obair leis an nGarda Síochána. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na Gardaí ar fad atá tar éis cúnamh a thabhairt dúinn in imscrúduithe MCIB, go háirithe le bliain anuas. Tragóid do theaghlach, do chairde agus do phobal an duine atá i ngach cás ina bhfaigheann duine bás. Ba mhaith leis an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú comhbhrón a dhéanamh leo siúd ar fad a bhfuil bás ar bith astu seo tar éis goilleadh orthu.

Rinne an Bord 51 teagmhas eile a mheas agus bhí MCIB ag obair ansin i gcomhar leis na forais imscrúdaithe taismí i stáit eile. Teagmhais bheaga a bhí sna teagmhais seo, a braitheadh, nár ghá do stát na brataí ná do MCIB imscrúdú a dhéanamh orthu, nó teagmhais ab ea iad a raibh imscrúdú á dhéanamh orthu ag stát na brataí. I gcuid de na cásanna, b'éigean na sonraí ó Éirinn a uaslódáil ar an Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP)1.

Chomh maith leis sin, rinne MCIB 32 teagmhas eile a mheasúnú in 2023 le teacht ar chinneadh faoinar chóir iniúchadh a dhéanamh orthu. Sna cásanna sin, rinneadh socrú gur teagmhais bheaga a bhí iontu agus/nó nár dhócha go dtiocfadh aon mholtaí úsáideacha sábháilteachta as iniúchadh.

Bíonn baint ag Gardaí Cósta na hÉireann le cuid mhaith de na teagmhais a thuairiscítear do MCIB. Ní dhéantar imscrúdú ar an gcuid is mó de na teagmhais sin. Ceann de na cúiseanna is mó atá leis sin ná an ghairmiúlacht agus an saineolas atá ag na Gardaí Cósta agus ag na baill eile de na Seirbhísí Cuardaigh agus Tarrthála. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le Gardaí Cósta na hÉireann as bheith ag obair go leanúnach i gcomhar le MCIB.

Cuireadh MCIB ar bun 25 bliain ó shin. Tá 264 tuarascáil foilsithe ag an mBord go deireadh mhí na Nollag, 2023, ar theagmhais a tháinig faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord naoi dtuarascáil deiridh maidir le taismí muirí a imscrúdú mar aon le dhá thuarascáil eatramhacha in 2023.

Faoin 31 Nollaig 2023 bhí 14 imscrúdú san iomlán ar bun, deich dteagmhas acu a tharla in 2023 agus trí cinn acu a tharla in 2021 (ceann amháin acu sin a foilsíodh in Eanáir 2024 agus a bhain le gortú do bhall foirne ar árthach iascaigh amach ó chósta Co. Chorcaí) agus teagmhas a tharla in 2022 (a bhain le teagmhas ar árthach iascaireachta i gCo. Lú, a foilsíodh i mí Feabhra 2024). Tá dhá thuarascáil bhreise ar imscrúduithe foilsithe go dtí seo ó bhí Aibreán 2024 ann. Tá 12 imscrúdú ar bun faoi láthair san iomlán, na cinn ar cuireadh tús leo in 2024 ina measc.

Ar cheann de na tuarascálacha imscrúdaithe ón mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú a foilsíodh in 2023 tá tuarascáil maidir leis an imscrúdú ar dhul i dtalamh árthaigh lastais ghinearálta a bhí faoi bhratach na hÉireann sa Ríocht Aontaithe, Tuarascáil MCIB Uimh. 324 (Tuarascáil Imscrúdaithe ar Thaisme Mhuirí a bhain leis an árthach trádála Arklow Raider i Muir na Sabhrainne (Muir Bhriostó), an 25 Samhain 2022). As an tuarascáil sin, rinneadh Moltaí d'Oifig

1. Bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí atá san Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP) atá á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí.

Hidreagrafaíochta na Ríochta Aontaithe agus d'Iontaobhaithe Chuan Gloucester. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dóibh siúd a bhí páirteach san imscrúdú as a gcomhar agus a gcúnamh, rud a chuir leis an eolas do chách atá faighte amach ann dá bharr. Bhain Tuarascáil Uimh. 321 ó MCIB (Tuarascáil um Imscrúdú ar Thaisme Mhuirí a bhain leis an árthach Simmerdim cóngarach do Ché na hAirde Móire, Co. na Gaillimhe, an 8 Samhain 2022) le tionóisc thromchúiseach i bhfeirm éisc i gCuan na Gaillimhe ina raibh tumadóirí ag trasnú ón árthach tacaíochta chuig ardán na feirme éisc. I dTuarascáil Uimh. 322 ó MCIB (Tuarascáil um Imscrúdú ar Theagmhas a bhain leis an árthach iascaireachta An Portán Óir, Bá an Daingin, Co. Chiarraí, an 14 Deireadh Fómhair 2022), tugadh eolas ar theagmhas eile a bhain le hárthach iascaireachta i mbun gníomhaíochtaí potaithe. D'éalaigh an t-aon duine a bhí ar an árthach ach ba bheag nár gortaíodh é go han-tromchúiseach. Rinneadh plé ansin i dTuarascáil Uimh. 319 ó MCIB (Tuarascáil ar Imscrúdú maidir le Bá an árthaigh FV Anna Louise cóngarach do Chuan an Ghleanna Ghairbh, Bá Bheanntraí, Co. Chorcaí, an 2 Iúil 2022) ar árthach beag iascaireachta a cailleadh ar thuras potaithe chomh maith. D'éirigh leis an oibritheoir aonair a bhí air snámh chun sábháilteachta.

Mar a luadh sa tuairisc a chuir mé faoi bhráid an Aire i dTuarascáil Bhliantúil 2022, rinneamar dhá thuarascáil a fhoilsiú in 2023 a bhain le cadhcanna i gcomhthéacs club agus i gcomhthéacs soláthraí tráchtála. Is mian liom buíochas a ghlacadh chomh maith le hOifig na Suirbhéireachta Muirí, Sábháilteacht Uisce na hÉireann, Aontas Canúála na hÉireann agus Rámhaíocht Éireann as bheith ag plé le MCIB i dtaca le moltaí ó thaobh sábháilteachta de. Aithnímid go bhfuil aitheantas tugtha don mhéid a dhéanaimidne, mar aon leis na heintitis seo agus eintitis eile, leis an tsábháilteacht a fheabhsú, atá luaite i dtuarascáil a foilsíodh le gairid dar teideal *Paddlesport Safety Culture in Ireland; An Exploratory Study* leis an Dr John Pierce agus Kevin O'Callaghan, Uas. Fuarthas tacaíocht don staidéar seo ó Spórt Éireann, Éire na Sláinte, Institiúid Chorcaí agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Luadh an méid seo ó thaobh MCIB de: *"Tá athrú tagtha isteach ó bhí 2021 ann ar an tslí a bpléitear an measúnú riosca sna tuarascálacha, mar a dtugtar aitheantas don mheasúnú riosca dinimiciúil. Seo go díreach mar thoradh ar an dlúthchaidreamh oibre atá ann idir MCIB agus Aontas Canúála na hÉireann."*

Chuir an tAire tús le hathbhreithniú ar an gCód Cleachtais chun Árthaí Áineasa a Oibriú go Sábháilte in 2023. Iarradh ar MCIB cur leis an athbhreithniú, rud atá déanta. Tá an Cód athbhreithnithe le foilsiú fós. Is áisiúil an méid atá sa chód agus tá eolas ann ar chéimeanna riachtanacha sábháilteachta ar chóir cloí leo. D'fhoilsigh an Roinn Fógra Muirí Uimh. 52 de 2023, *Smaoinigh agus ullmhaigh - Comhairle sábháilteachta thábhachtach d'úinéirí agus d'úsáideoirí árthaí áineasa.* San fhoilseachán seo, cuirtear i gcuimhne do gach máistir, úinéir agus úsáideoir ar árthach áineasa gur gá smaoineamh agus ullmhúchán a dhéanamh sula dtéitear amach ar an uisce. Tá seicliosta ann de na bunriachtanais agus de chomhairle ar gá cloí leo sula dtéitear ar an uisce agus don tréimhse ar an uisce féin. Ar an drochuair, is léir ó chuid dár n-imscrúduithe reatha nach gcloítear uaireanta le moltaí bunúsacha sábháilteachta, le seaicéad tarrthála a chaitheamh, cuir i gcás. Cúinse a thagann chun cinn in imscrúduithe go leor ná nach ndéantar pleanáil chuí le haghaidh éigeandálaí. Is léir go bhfuil dúshlán ag baint le teachtaireachtaí sábháilteachta an Chóid a scaipeadh agus a fhréamhú san earnáil áineasa ar fad. Tá aitheantas ag gabháil i gcónaí do Shábháilteacht Uisce na hÉireann agus do Rannóg Muirí na Roinne Iompair as a gcuid iarrachtaí leanúnacha sa chomhthéacs seo.

### Athruithe ar an mBord

Cúis áthais don cheathrar comhaltaí a bhí ar an mBord in Iúil 2023 gur tháinig triúr comhaltaí nua Boird isteach:

- Is í Deirdre Lane FNI, MSc, Máistir-Mhairnéalach, BSc (Onór.) Máistir an Chuain, Dún Mór, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is Ánra, Iontaobhaí agus Comhalta den Bhord Feidhmiúcháin í san Institiúid Loingseoireachta agus is Leas-Saineolaí Lainseála de chuid Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála í.

- Is é Phil Murphy an tOifigeach Sinsearach Mara atá freagrach as Rannóg Céanna/Cuanta agus Calafort Chomhairle Contae Loch Garman a bhainistiú, mar a bhfuil 11 ché/chuan, dhá Mhuiríne Braití Goirme agus Calafort Ros Mhic Thriúin faoina údarás. Roimhe sin, bhí 17 mbliana de thaithí farraige aige ar chineálacha éagsúla árthaí – Bulciompróirí, Longa Coimeádán, Ollcharraeirí Amhola, chomh maith le tréimhse mar Mháistir ar bháid farantóireachta mhóra paisinéirí (árthaí traidisiúnta agus árthaí gasta). Bhí Phil ina chomhalta Boird de Chuideachta Phort Ros Mhic Thriúin leis idir Samhain 2017 agus Deireadh Fómhair 2018.

- Is é John Carlton Bainisteoir Seirbhísí an Chalafoirt i Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ó bhí 2012 ann. Tá réimse de thionscadail shuntasacha straitéiseacha agus bhonneagair bainte amach aige. Tá tréimhse caite aige mar Bhainisteoir Innealtóireachta agus Oibríochtaí Críochfoirt i gCalafort na Sionainne agus Fhainge. Tá BA sa Bhainistíocht Gnó ag John, chomh maith le deimhniú inniúlachta (Neamhtheoranta) mar Phríomhinnealtóir, Dioplóma sa tSuirbhéireacht Mhuirí (speisialtóireacht i suirbhéireachtaí innealtóireachta) agus Ard-Dioplóma Náisiúnta san Innealtóireacht Mhuirí/Fearais.

B'éigean dúinn slán a fhágáil i Márta 2024 ag ár Leaschathaoirleach, an Dr. Dorothea Dowling, Árachóir Cairte, FCII, Máistir Dlíthe (LL.M) le dlí míochaine agus seirbhísí airgeadais, LL.B, FCIArb, FCIS, Cert IoD, toisc gur tháinig deireadh lena téarma oifige. Ní rabhthas in ann síneadh eile a chur lena téarma mar gheall ar an reachtaíocht. Tá taithí na

mblianta ag ár gcomhghleacaí uasal ar imscrúduithe i dtaca le taismí agus tá ardmheas ar an taithí sin. Tá saineolas faoi leith aici sa rialachas corparáideach. Bhí meas mór uirthi mar chomhalta den Bhord ó ceapadh ar dtús í in 2017. Tá John Carlton ceaptha ag an Aire chun áit an Dr Dowling a ghlacadh mar Leaschathaoirleach.

### Athruithe Reachtacha

Sa tuarascáil a chuir mé faoi do bhráid in 2023, luaigh mé go raibh fáilte curtha ag MCIB roimh fhógra an Aire i mí na Nollag, 2022, go ndéanfaí Bille um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) a dhréachtú chun foráil a dhéanamh d'fhonn Aonad lánaimseartha um Thaismí Muirí a Imscrúdú a chur ar bun sa Roinn Iompair. Déantar foráil leis an Scéim Ghinearálta le go gcuirfear an tAonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú ar bun. Tiocfaidh an tAonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú in áit an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú mar an comhlacht buan a bheidh freagrach as taismí muirí a imscrúdú. Tá an dréacht-reachtaíocht fós á hullmhú sula ndéantar í a rith trí Thithe an Oireachtais.

### Comhthéacs na hEorpa agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí

I gcuid mhaith den obair a dhéanann an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú bítear ag plé leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) i dtaca le teagmhais mhuirí a thiteann faoi réim Threoir 2009/18/CE ón Aontas Eorpach (AE), lena leagtar amach na bunphrionsabail faoina ndéantar imscrúdú taismí a rialú san earnáil iompair muirí). Is í an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí an ghníomhaireacht san Aontas Eorpach atá freagrach as saineolas teicniúil agus cúnamh oibríochtúil a thabhairt d'fhonn feabhas a bhaint amach sa tsábháilteacht mhuirí, san ullmhacht agus freagairt truaillithe, agus sa tslándáil mhuirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Chomh maith leis sin, déanann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí a áirithiú go ndéantar imscrúdú ar bhonn seasta ar thaismí muirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Déanann an Ghníomhaireacht an dea-chleachtas a scaipeadh faoi mar a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí agus ceisteanna comhshaoil. Tá modheolaíocht forbartha ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí chun fadhbanna sábháilteachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhrath. Déanann MCIB sonraí ó thaismí muirí a thuairisciú don Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP), mar a dhéanann gníomhaireachtaí imscrúdaitheacha Eorpacha eile.

Cuireann an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí seirbhísí oiliúna ar fáil d'imscrúdaitheoirí taismí san Aontas Eorpach. Cuireadh tús in 2024 leis an gcéad bhliain d'acadamh nua oiliúna a bhfuil Cúrsa Croíchuraclaim ann d'imscrúdaitheoirí taismí san Aontas Eorpach. Cuirfidh Acadamh nua na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Muirí oiliúint ar fáil ar achtanna nua nó leasaithe ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta nó ón Aontas Eorpach. Bainfear leas as uirlisí forbartha le hoiliúint oibríochtúil a sholáthar. Beidh an oiliúint ar fad in Acadamh na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Mhuirí i gcomhréir leis na caighdeáin ISO 9001:2015, ISO 21001:2018 agus ISO 29993:2017. Forbairt an-dearfach atá anseo, rud a chuirfidh leis an bhfoghlaim leanúnach a bhíonn ar bun ag imscrúdaitheoirí taismí MCIB. Tá triúr acu siúd páirteach ar chúrsa 2024 faoi láthair.

Tá athbhreithniú fós ar bun ag an gCoimisiún Eorpach ar reachtaíocht mhuirí an Aontais Eorpaigh. Meastar go mbeidh Treoir nua ann taobh istigh de bhliain. Creidtear go ginearálta go bhforbrófar raon feidhme gnéithe eile den chóras um shábháilteacht árthaí iascaireachta ar fud an Aontais Eorpaigh a imscrúdú agus go gclúdófar an chatagóir sin d'árthaí iascaireachta atá níos lú (níos lú ná 15m ar fad san iomlán).

### D'fhoilsigh an Roinn 83 Fógra Muirí in 2023.

Gheofar an liosta iomlán ar an suíomh seo - Fógraí Muirí Rialtais 2023 (www.gov.ie)

**Foilsíodh na Fógraí Muirí seo a leanas in 2023 mar thoradh ar thuarascálacha agus imscrúduithe MCIB:**

| | |
|---|---|
| 14 de 2023 | Meabhrúchán – úsáid glaonna raidió Guais, Práinn agus Sábháilteacht má bhíonn dóiteán nó aon teagmhas eile ann a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach. |
| 18 de 2023 | Córais Leictreacha in Árthaí Beaga Pléisiúir, Iascaireachta agus eile. |
| 27 de 2023 | Sláinte agus Sábháilteacht ar bord árthaí – teagmhais le déanaí ba chúis le gortuithe tromchúiseacha. |
| 35 de 2023 | Meabhrúchán – na Contúirtí agus na ceanglais a bhaineann le hárthaí a mhionathrú. |
| 61 de 2023 | Athbhreoslú Árthaí – Rioscaí agus Treoir. |
| 67 de 2023 | Meabhrúchán maidir leis na Ceanglais a bhaineann le Córais Chadhnracha Éigeandála a Shuiteáil agus a Fheidhmiú mar is ceart. |
| 71 de 2023 | Meabhrúchán – na Contúirtí a bhaineann leis an Iascaireacht Aonair. |

Ina theannta sin ar fad, foilsíodh dhá Fhógra Muirí in 2023 a raibh faisnéis shuntasach sábháilteachta iontu:

| | |
|---|---|
| 30 de 2023 | Feidhmiú Chaibidil V de SOLAS i gcás Árthaí Áineasa (lena n-áirítear aimsir, criú, srianta an árthaigh, plean teagmhais, contúirtí loingseoireachta, faisnéis ar tír). |
| 52 de 2023 | Smaoinigh agus Ullmhaigh – Comhairle thábhachtach sábháilteachta d'úinéirí agus úsáideoirí árthaí áineasa. |

### Imscrúduithe Seachtracha ar Thaismí

Is iad imscrúdaitheoirí seachtracha a dhéanann gach imscrúdú ar thaismí. Tá an Bord in ann comhairle a lorg ar phainéal imscrúdaitheoirí, lena n-áirítear pearsanra a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu mar mháistir-mhairnéalaigh, suirbhéirí muirí, innealtóirí muirí nó oifigigh léibhinn. Tá réimse leathan cumais agus taithí ina measc siúd atá ar an bpainéal ar féidir leas a bhaint astu agus imscrúduithe neamhspleácha á ndéanamh. Is é an t-aon chuspóir a bhaineann le himscrúduithe sábháilteachta taismí muirí agus teagmhais mhuirí a chosc san am atá le teacht. Níl siad ceaptha le dliteanas a chinneadh ná le locht a leagan ar aon duine.

Beidh na tréimhsí agus torthaí seo a leanas i gceist le próiseas imscrúdaithe de ghnáth:

| | |
|---|---|
| **Fógra** | Nuair a thugtar fógra do MCIB maidir le taisme nó teagmhas muirí, caithfear measúnú a dhéanamh le cinneadh a dhéanamh faoina ndéanfar imscrúdú nó nach ndéanfar. |
| **Fianaise a bhailiú** | Agus tús curtha leis an imscrúdú, is tábhachtach fianaise a bhailiú go breá gasta, agallaimh le finnéithe san áireamh, le tuiscint a fháil ar na cúinsí a bhain leis an eachtra agus ar an ord inar thit na himeachtaí amach. |
| **Anailís a dhéanamh ar an bhfianaise** | Caithfear anailís cheart a dhéanamh ar fhianaise chun na cúiseanna taobh thiar den taisme nó teagmhas muirí a shonrú. Cuirtear béim ar thuiscint a fháil ar an gcúis a raibh an taisme ann, mar gheall ar ghníomh nó cúinse nach raibh sábháilte, chomh maith leis an gcomhthéacs, bíodh sé sin fisiceach nó eagraíochtúil, inar thit an taisme nó teagmhas amach. |
| **Conclúidí a bhaint amach** | Sna conclúidí, déantar na fadhbanna sábháilteachta a shonrú chomh maith leis na cosaintí a bhí ar iarraidh nó easnamhach (cosaintí ábharacha, feidhmeacha nó oideachasúla, nó nósanna imeachta) faoinar féidir bearta sábháilteachta a fhorbairt chun tuilleadh taismí muirí a chosc. |
| **Gníomhartha ceartaitheacha a shocrú** | Tugann MCIB Moltaí Sábháilteachta i gcásanna inarb iomchuí, is iad sin moltaí i dtaobh gníomhartha ceartaitheacha le nach mbeidh tuilleadh taismí agus eachtraí muirí ann. Is don Roinn Iompair agus do pháirtithe eile a thugtar na moltaí ar fearr an stádas atá acu le bearta mar sin a chur i bhfeidhm. |
| **Tuarascáil** | Cuirtear tuarascáil ar fáil mar thoradh ar an imscrúdú. Tugtar sa tuarascáil sin, i measc nithe eile, na cúinsí a bhain leis an teagmhas, anailís ar na cúiseanna agus conclúidí. Foilsítear an tuarascáil d'fhonn na ceachtanna sábháilteachta a scaipeadh ar an bpobal muirí. Déantar sonraí maidir le taismí muirí agus teagmhais mhuirí a uaslódáil ar EMCIP chun tacú leis an anailís. |

### Tuarascálacha a foilsíodh in 2023

D'fhoilsigh an Bord naoi dtuarascáil deiridh agus dhá thuarascáil eatramhacha le linn 2023. Tá na sonraí ar fad ar leathanaigh 16 go 25.

### Imscrúduithe ar cuireadh tús leo in 2023

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar dheich dteagmhas le linn 2023. Tá achoimre ar shonraí na dteagmhas sa tábla thíos. Tá na sonraí ar fad a bhain le gach teagmhas leagtha amach ar leathanach 11 go leathanach 15.

As deich dteagmhas arbh éigean imscrúdú a dhéanamh orthu, thit trí cinn acu amach sa tionscal iascaireachta. Cásanna marfacha a bhí sna trí chás sin. Bhain na seacht gcinn eile le hárthaí áineasa de chineálacha éagsúla. Teagmhais mharfacha ab ea cúig cinn acu.

| Earnáil | Eachtraí | Árthaí a bádh | Básanna | Gortuithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 3 | 1 | 3 | 0 |
| Lastas Ginearálta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Áineas | 7 | 0 | 5 | 0 |
| Paisinéirí | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **10** | **1** | **8** | **0** |

**Árthaí Iascaireachta**

Bhí trí theagmhas ann a bhain le hárthaí iascaireachta.

- Teagmhas marfach, duine i bhfarraige, amach ó Árainn Mhór, Co. Dhún na nGall.
- Teagmhas marfach, árthach báite, Cuan Dhún Dealgan, Co. Lú.
- Teagmhas marfach ar bord árthaigh, amach ó na Blascaodaí, Co. Chiarraí.

**Árthaí Áineasa**

Bhí seacht dteagmhas ann a bhain le hárthaí áineasa.

- Teagmhas a bhain le báid rámhaíochta i stíl Oilimpeach, Abhainn na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe (arna foilsiú in Aibreán 2024).
- Teagmhas marfach a bhain le feithicil scairdsciála, Cill Dalua, Co. an Chláir.
- Teagmhas a bhain le bád seoil a bhí i bhfostú in eangaí a caitheadh ar shiúl, Dún na Séad (arna foilsiú i Márta 2024).
- Teagmhas marfach a bhain le hárthach slatiascaireachta áineasa, Cé Leacan, Béal Trá, Co. Mhaigh Eo.
- Teagmhas marfach a bhain le dóiteán ar árthach áineasa, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma.
- Teagmhas marfach a bhain le hárthach slatiascaireachta áineasa, Cé Nimmo, Co. na Gaillimhe.
- Teagmhas marfach, duine i bhfarraige, bád innill áineasa, Cé na Broclaise, Co. Dhún na nGall.

Tá táblaí ar leathanach 29 agus leathanach 30 den tuarascáil seo ina dtugtar mionsonraí ar theagmhais a ndearnadh imscrúdú orthu a thit amach idir 2014 agus 2023.

Tá achoimre sa tábla thíos ar na teagmhais ar fad a ndearnadh imscrúdú orthu agus a thit amach sna blianta a luaitear ann:

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 5 | 5 | 9 | 6 | 8 | 6 | 4 | 0 | 0 | 8 |
| Gortuithe | 1 | 0 | 14 | 0 | 0 | 1 | 2 | 2 | 6 | 0 |
| Árthaí | 7 | 7 | 15 | 5 | 5 | 11 | 8 | 8 | 21 | 11 |

**Eitic in Oifigí Poiblí**

Bhí na comhaltaí Boird ar fad i gcomhréir leis na forálacha agus ceanglais is infheidhme sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, i rith 2023.

**Buíochas**

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord atá tar éis a gcuid ama agus saineolais a thabhairt go fial flaithiúil ar mhaithe le hobair MCIB le bliain anuas. Ní bheifí in ann cuid ar bith den obair imscrúdaitheach sin a dhéanamh murach obair agus saineolas ár n-imscrúdaitheoirí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan leis. Tuilleadh oibre dár Rúnaíocht dhúthrachtach atá mar thoradh ar an méadú ar éilimh ar MCIB gan amhras. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine acu agus le Rúnaí an Bhoird as an méid atá déanta acu go léir i gcaitheamh na bliana. Ba léir é sin go háirithe i mí an Mheithimh in 2024 nuair a rinne an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta iniúchadh ar MCIB (agus ar gach eintiteas muirí bainteach eile). D'éirigh le MCIB measúnú iomlán comhlíontach a bhaint amach. Baineadh é sin amach mar thoradh ar ullmhúchán a bhí déanta ag rúnaí ár mBoird thar thréimhse dhá bhliain. Tá buíochas faoi leith tuillte as an obair sin agus as na torthaí thar cionn a baineadh amach ann.

Seo an 25ú bliain den Bhord um Thaismí Muirí a Imscrúdú. Tá 264 tuarascáil foilsithe ag an mBord go deireadh 2023. Sin toradh oibre ó thaobh méide agus ábhair de atá chomh maith céanna agus a bheadh ag cuid mhór de na forais imscrúdaitheacha náisiúnta atá níos mó ná é. Is mian liom an deis seo a thapú le haitheantas a thabhairt do chomhaltaí Boird roimhe seo, agus buíochas a ghabháil leo, go háirithe an bheirt a chuaigh romhamsa mar chathaoirleach, is iad sin John G. O'Donnell agus Cliona Cassidy, agus leis na comhaltaí Boird:

Sinéad Brett, Uas.

Thomas R. Power, Uas.

Mary Lally, Uas.

Brian Hogan, Uas.

Martin Diskin, Uas.

Brian Keane, Uas.

Jurgen Whyte, Uas.

Michael Frain, Uas.

Nigel Lindsay, Uas.

Frank Cronin, Uas.

An Dr. Dorothea Dowling

Tá buíochas ag gabháil go háirithe do chomhaltaí Boird as a chinntiú go bhfuiltear tar éis oibleagáidí idirnáisiúnta agus oibleagáidí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh in Éirinn le 25 bliain anuas i gcomhthéacs imscrúduithe muirí. Tá siad tar éis a gcuid ama a thabhairt faoi chroí mór maith agus gan acu ach íocaíocht an-bheag. Tá gach duine acu tar éis saineolas gairmiúil agus saineolas bunaithe ar thaithí a chur leis an obair ar bhealach fiúntach. Cúis sásaimh agus dóchais dúinn go léir i gcónaí go gcuireann imscrúduithe MCIB, ar shlí éigin, le leibhéal níos fearr sábháilteachta agus le laghdú ar an líon daoine a chailltear agus a éiríonn gortaithe, agus ar an líon árthaí a chailltear.

Ar deireadh, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl as an gcúnamh atá tugtha don Bhord in 2023 agatsa, mar Aire, agus ag oifigigh na Roinne sa Rannóg um Beartas Sábháilteachta Muirí.



CLAIRE CALLANAN
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



**Claire Callanan, Uas.**
Cathaoirleach, Dlíodóir



**An Dr. Dorothea Dowling,**
Leaschathaoirleach, Árachóir Cairte agus Eadránaí Creidiúnaithe



**Frank Cronin, Uas.**
(Eanáir-Márta 2023) Innealtóir Muirí Aicme 1 comhcheangailte, DCII, Árachóir Cairte



**Keith Patterson, Uas.**
CEng, CMarENG, Innealtóir Muirí Aicme 1



**Deirdre Lane, Uas.**
(Iúil-Nollaig 2023) FNI, MSc, Máistir-Mhairnéalach, Máistir Cuain, Dún Mór



**Phil Murphy, Uas.**
(Iúil-Nollaig 2023) Máistir-Mhairnéalach Aicme I



**John Carlton, Uas.**
(Iúil-Nollaig 2023) BSc san Innealtóireacht Mhuirí, BA sa Bhainistíocht Gnó, Innealtóir Muirí Aicme I

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell, Uas. |
| Rúnaíocht: | Paul Hallissey, Uas.<br>Diptiben Bhatt, Uas. |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain,<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Teileafón: | 01-6783485 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Láithreán gréasáin: | www.mcib.ie |

Seo a leanas eolas ginearálta ar MCIB.

## Bunú an Bhoird

Cuireadh an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MCIB) ar bun faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 ("an tAcht"). Faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 276 de 2011 um Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Tionóiscí a Imscrúdú), 2011 ("na Rialacháin"), is é an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú an comhlacht in Éirinn arb é is sainchúram air imscrúdú a dhéanamh ar theagmhais a thiteann faoi Threoir 2009/18/CE ón Aontas Eorpach ("an Treoir") a rialaíonn an t-imscrúdú a dhéantar ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair.

## Feidhm an Bhoird

Is é is feidhm do MCIB imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar atá sainithe in alt 2 den Acht agus sna Rialacháin. Agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige, cloíonn MCIB leis na forálacha atá i gCód na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Muirí maidir le Taismí a Imscrúdú agus na forálacha atá sa Treoir. Tugtar éifeacht leis an Treoir i ndlí na hÉireann leis an Rialachán (I.R. Uimh. 276 de 2011). Níl feidhm ag an Treoir ach i gcuid de na teagmhais faoi imscrúdú. Déantar imscrúduithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach i gcomhréir le ceanglais na Treorach agus leis an Modheolaíocht Chomhchoiteann mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 an 9 Nollaig 2011 ón gCoimisiún.

**De réir an Achta, is éard is Taisme Mhuirí ann eachtra nó próiseas is cúis nó is baol le ceann acu seo:**

(a) bás duine nó gortú tromchúiseach do dhuine;

(b) bás duine a chuaigh thar bord;

(c) caillteanas nó sáinniú árthaigh nó maoine, damáiste do cheann acu, nó imbhualadh le ceann acu; nó

(d) damáiste suntasach don timpeallacht, é sin bainteach le feidhmiú ceann astu seo:

- (i) árthach in uiscí Éireannacha;
- (ii) árthach atá cláraithe in Éirinn in uiscí áit ar bith; nó
- (iii) árthach a bhíonn lonnaithe nó feistithe in uiscí Éireannacha de ghnáth agus a bhíonn faoi smacht duine atá ina chónaí sa Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí Éireannacha.

**Is é is cuspóir le gach imscrúdú na nithe seo a dhéanamh:**

1. An chúis nó na cúiseanna le taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí agus é mar chuspóir moltaí a dhéanamh le nach dtarlóidh taismí muirí den chineál céanna amach anseo.

***Is tábhachtach a lua NACH é cuspóir imscrúdaithe milleán ná locht a leagan. Bord neamh-ionchúiseach atá ann. Má dhéantar aon ionchúiseamh de bharr aon taisme, is faoi na Comhlachtaí Reachtúla an fheidhm sin a chomhlíonadh, i.e. an Garda Síochána, srl.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MCIB) atá á mhaoiniú ag an Oireachtas faoi alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip de thuarascáil deiridh gach imscrúdaithe faoi bhráid an Aire leis na moltaí sa tuarascáil a mheas.

Cuirtear na tuarascálacha ar fad ar fáil don phobal saor in aisce (ach iad a iarraidh) nó is féidir iad a fháil ar láithreán gréasáin MCIB ar www.mcib.ie.

# Teagmhais agus Imscrúduithe

2023

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023

# Réamhrá

Ó bunaíodh in 2002 é go deireadh 2023, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord ar 264 cás.

Léirítear sna staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a bhí i gceist agus cúis gach teagmhais. Tugtar léargas áirithe don léitheoir ar an obair a dhéanann an Bord. Táthar tar éis an fhormáid chéanna úsáid i dtuarascálacha go dtí seo le gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuarascálacha ó bhlianta roimhe sin.

Tá na tuarascálacha ar fad foilsithe ar láithreán gréasáin an Bhoird, is é sin www.mcib.ie, agus tá cruachóipeanna ar fáil ach iad a iarraidh ar an Rúnaíocht.

# Achoimre ar na Teagmhais a Imscrúdaíodh a thit amach le linn 2023

ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Abhainn na Gaillimhe** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Dhá bhád rámhaíochta |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Dhá bhád rámhaíochta a cailleadh |
| **BÁSANNA** | Ní raibh aon cheann ann |
| **ACHOIMRE** | Seisiún traenála sceidealaithe ar Abhainn na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe, do dhá bhád rámhaíochta iomaíocha ba chionsiocair le teagmhas muirí inar cailleadh an dá bhád rámhaíochta. Bhí baol báis ann do dhaoine a bhí ag oibriú árthaí áineasa in uiscí Éireannacha nó an baol ann go mbainfeadh gortú tromchúiseach dóibh.<br><br>Bhí córas casta agus fadhb maidir le normalú riosca – inar éirigh iompar contúirteach ní b'inghlactha de réir a chéile – tar éis teacht chun cinn i ngníomhaíochtaí rámhaíochta thart ar Chora Bradán na habhann, go háirithe agus ardrátaí sreafa na habhann ann agus le linn teochtaí ísle mhíonna an gheimhridh. Bhí an córas seo íogaire ó nádúr i leith athruithe nó bearnaí, fiú na cinn sin nár léir iad dóibh siúd a bhí freagrach as gníomhaíocht shábháilte rámhaíochta a bhaint amach. Tá an íogaireacht chéanna le feiceáil sa stair a bhaineann le teagmhais eile den chineál céanna roimhe seo. Is amhlaidh nár tuigeadh ó na teagmhais sin chomh dona a bheadh cúrsaí ná gur dócha go dtarlódh a leithéid arís.<br><br>Dá bharr, cé go mb'fhéidir go mbeadh an chuma ar chúrsaí ar dtús nach raibh ann ach na báid rámhaíochta ó dhá chlub ag casadh ar a chéile ar shlí neamhurchóideach, ceann acu ag dul suas an abhainn agus an ceann eile ag filleadh an treo eile, thit sraith dheiridh eachtraí amach a d'fhág gur cailleadh dhá bhád rámhaíochta agus go raibh baol an bháis ann nó an baol go mbainfeadh gortú tromchúiseach do chriúnna an dá bhád seo. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Séimí** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta <15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Duine i bhfarraige |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Ar thart ar 20.00 bhí FV Séimí ag scaoileadh slabhra potaí portán timpeall 60 míle farraige ó thuaidh siar ó thuaidh ó Árainn Mhóir amach ó chósta thiar thuaidh na hÉireann. Agus an obair ar bun leis na potaí a chaitheamh, theastaigh ball amháin den chriú ar deic le bheith cinnte go rachadh na potaí gan stró ón deic agus, san am céanna, go dtreoródh an ball eile den chriú an t-árthach ar thuras a socraíodh roimh ré. Bhí an ball den chriú a bhí sa chábán stiúrach in ann cumarsáid a dhéanamh leis an mball den chriú a bhí ar deic mar gheall ar mhéid agus déanamh an árthaigh. Ina theannta sin, bhí an ball den chriú sa chábán stiúrach in ann monatóir sa chábán stiúrach agus ceamara ar deic a úsáid le súil a choinneáil ar an deic. An uair seo, bhí an tríú ball den chriú ina shuí sa bhealach isteach go dtí an cábán stiúrach.<br><br>Agus an pota deireanach ag imeacht ón deic, d'éirigh an Ball den Chriú a bhí ar deic i bhfostú sa téad a bhí ceangailte den phota. Tarraingíodh an Ball den Chriú tríd an mbearna sa doras deiridh, thar bord agus isteach san uisce. Stopadh an t-árthach láithreach. Rinneadh iarracht an líne chéanna a bhí i ndiaidh é a tharraingt thar bord a úsáid leis an duine i bhfarraige a tharrtháil. Níor éirigh leo é sin a dhéanamh agus cailleadh teagmháil leis an duine i bhfarraige. Faoin am sin, bhíothas tar éis éigeandáil a fhógairt ar bord agus thug an bheirt bhall den chriú a bhí fágtha cúnamh sa chuardach don duine i bhfarraige. Ní raibh gaireas snámhachta pearsanta á chaitheamh aige.<br><br>Chonacthas an duine i bhfarraige achar gairid ón árthach agus d'éirigh leo é a fháil ar ais ar bord. Measann an criú go raibh an Taismeach san uisce ar feadh 15 nóiméad ar a mhéad. Tugadh athbheochan chardascamhógach agus úsáideadh guthán satailíte le comhairle a fháil ó Medico Cork, an t-aonad tacaíochta Cúnaimh Teilimíochaine 24-uair, trí Gharda Cósta Chionn Mhálanna. In ainneoin iarrachtaí an chriú, níor tháinig an Taismeach slán. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Feithicil Scairdsciála, Cill Dalua** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Scairdscútar |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Seoladh scairdscútar Sea-Doo isteach san uisce thart ar 16.00 ó leantóir ón bhfánán poiblí ar an taobh ó dheas de Bhéal an Átha. Bhí an scairdscútar á fheidhmiú san áit idir fánán an tseolta agus Droichead na Sionainne. Chuathas go dtí an taobh ó thuaidh den droichead cúpla babhta. Thug tiománaí an scairdscútair cuireadh do bheirt phaisinéirí teacht ar bord an scairdscútair ó phontún Bhéal an Átha thart ar 16.30. Níor breathnaíodh gaireas snámhachta pearsanta ach ar dhuine den triúr a bhí ar bord an scairdscútair.<br><br>Chuaigh an scairdscútar agus an triúr a bhí ann thart leis an bpontún go gasta timpeall 17.00 agus thiontaigh go géar i gcuilithe na habhann go díreach ar an taobh theas den droichead. Thit an triúr ón scairdscútar nuair a d'iompaigh sé béal faoi nuair a bhí an casadh géar ar chlé á dhéanamh. Tháinig beirt de na paisinéirí, duine acu a raibh gaireas snámhachta pearsanta air, slán ón titim agus shnámh siad i dtír go pontún Bhéal an Átha.<br><br>Ní raibh gaireas snámhachta pearsanta ar thiománaí an scairdscútair. Ní rabhthas in ann é a fheiceáil ón gcladach agus bhí imní ann go raibh sé imithe faoi uisce. D'fhógair ball den phobal go raibh éigeandáil ann agus cuireadh tús le misean cuardaigh agus aisghabhála.<br><br>Fuarthas an Taismeach ón uisce thart ar 18.45 tar éis cuardach a dhéanamh a raibh na seirbhísí éigeandála áitiúla mar pháirt de. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **An tÁrthach Seoil Inish Ceinn** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Árthach i dtalamh |
| **BÁSANNA** | Ní raibh aon cheann ann |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an luamh seoil Inish Ceinn Dún na Séad, Co. Chorcaí, ar 14.00 le dul ar thuras gearr go Cléire. Aimsir mheasartha anoir a bhí ann. Tógadh an luamh amach as Cuan Dhún na Séad. Tugadh faoin turas siar ar an gcúrsa beartaithe go Cléire.<br><br>Thart ar 14.30 thug an Scipéir faoi deara gur mhoilligh an luamh go han-sciobtha agus gur thiontaigh sé isteach chun na gaoithe. Ní rabhthas in ann a dhath a fheiceáil san uisce. Dúisíodh an t-inneall agus cuireadh an lián ag obair.<br><br>Braitheadh creathadh agus tugadh boladh dó faoi deara. Múchadh an t-inneall agus díchumasaíodh an luamh. Bhrúigh an ghaoth agus an borradh an luamh i dtreo na gcarraigeacha agus chuaigh an luamh i dtalamh. D'éirigh le ceathrar acu siúd a bhí ar bord dul ar na carraigeacha agus sheol an Scipéir teachtaireacht mayday ar an raidió an-ardmhinicíochta. Chuaigh seisean ar na carraigeacha chomh maith. Thug an Scipéir faoi deara ansin go raibh an chabhail tachta ag trál mór.<br><br>Tháinig bád tarrthála Dhún na Séad chun tarrthála agus bhí an t-ingearán tarrthála R115 ar an láthair chomh maith. D'aistrigh an bád tarrthála an cúigear ó na carraigeacha agus thóg arís go Dún Séad iad. Briseadh an luamh as a chéile agus cailleadh é. Níor gortaíodh aon duine go dona agus ní raibh aon truailliú ann. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Cé Leacan** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Duine i bhfarraige |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Seoladh bád áineasa ó Ché Leacan i gCo. Mhaigh Eo thart ar 10.20 le go mbeadh beirt in ann tabhairt faoi lá slatiascaireachta farraige. Tar éis a sheolta, rinne an Marthanóir iarracht an bád a choinneáil in aice na cé, rud nár éirigh leis a dhéanamh, fad a bhí an Taismeach i mbun tarracóir agus leantóir an tseolta a pháirceáil. Agus an tarracóir agus an leantóir páirceáilte, rinne an Taismeach iarracht dul ar bord an bád a bhí ag imeacht le sruth. Chuaigh an Taismeach isteach san uisce ag céimeanna na cé. Chuaigh sé i sáinn agus scuabadh amach chun farraige é. D'imigh an bád, agus an Marthanóir ar bord, le sruth chun farraige.<br><br>Cuireadh na seirbhísí éigeandála ar an eolas faoin teagmhas. Chuaigh Aonad Garda Cósta Chill Ala agus ingearán tarrthála Shligigh R118 i mbun gnímh. Tháinig an bád a bhí imithe le sruth i dtír i dTrá Cheall agus an Marthanóir fós ar bord. Go gairid ina dhiaidh sin, thóg R118 an Taismeach ón uisce agus aistríodh é chuig Ospidéal Ollscoile Shligigh mar ar fógraíodh marbh é. Thóg R118 an Marthanóir ó Thrá Cheall agus aistríodh é chuig Ospidéal Ollscoile Shligigh le cóir leighis a fháil. Ligeadh amach é tar a éis sin. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Dóiteán Báid, Cora Droma Rúisc** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Pléisiúir |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Dóiteán ar an mbád |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Bhí cúrsóir innill 33 troigh curtha i mbeart i muiríne ar an tSionainn i gCora Droma Rúisc. Chuaigh sé trí thine go luath ar maidin. Níor éirigh le daoine eile den phobal a bhí ag stopadh ar a n-árthaí féin an tine a mhúchadh. Tháinig aonaid ón mbriogáid dóiteáin áitiúil ar an láthair agus d'éirigh leo siúd an tine a thabhairt faoi smacht. D'éag duine amháin a bhí ina codladh ar bord an árthaigh. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Cé na Broclaise** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Mótarbhád Áineasa |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Bhí úinéir báid innill áineasa ina aonar ar bord a árthaigh nuair a thit sé thar bord. Bádh é. Tharla sé seo idir 15.30 agus 16.30. Bhí an t-árthach ina áit feistithe thart ar 50 méadar (m) ar shiúl ón gcladach i gceantar tuaithe cóngarach do Ché na Broclaise, Co. Dhún na nGall. Bhí na dálaí aimsire go holc. Bhí gaotha Fhórsa 6 ann chomh maith le siotaí suas le 35 muirmhíle san uair (65 ciliméadar (km) san uair). Bhí Rabhadh um Árthaí Beaga i bhfeidhm.<br><br>Múnla ní ba shine de bhád innill áineasa a bhí san árthach. Tógadh an t-árthach sular tugadh isteach ceanglais deartha úra chun an baol go dtitfeadh duine thar bord a laghdú agus chun ligean do dhuine dul ar ais ar bord go héasca. Tugadh na ceanglais sin isteach in 2013 faoi Threoir AE um Árthaí Áineasa. Ní raibh aon slí ann a bheadh inrochtana ná indéanta ag duine san uisce le dul ar ais ar bord an árthaigh gan cúnamh a fháil ó dhuine eile.<br><br>Ní raibh gaireas snámhachta pearsanta ar an Taismeach, ní raibh aon mhodh aige chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála agus níor chuir sé duine ar bith cois cladaigh ar an eolas faoina chuid pleananna. Meascán de chúiseanna a bhí taobh thiar den taisme mhuirí seo. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Ben Thomas** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta <15 m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá árthaigh |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Idir 07.30 agus 08.30 chuaigh FV Ben Thomas faoi uisce ar an taobh ó thuaidh de Rinn Dhún Áine. Thart ar 08.30, chuala ball den chriú a bhí ag obair ar an deic ar FV Sian Elizabeth duine ag lorg cúnaimh. Stopadh an t-árthach agus, tar éis cuardach gairid a dhéanamh, fuarthas Scipéir FV Ben Thomas agus greim daingean aige ar earra a bhí ar snámh nuair a chuaigh an t-árthach faoi uisce. Lean an cuardach don dara Taismeach ar aghaidh sna laethanta ina dhiaidh sin agus tharraing tumadóirí cabhlaigh an corp ó ghrinneall na farraige. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Breizh Arvor II** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15m |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Teagmhas ar bord |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Trálaer cúl-iascaireachta traidisiúnta ab ea FV Briezh Arvor a bhí 22.4m ar fad agus a bhí ag iascaireacht cloicheán cois cósta thiar na hÉireann. An dara lá a bhí ann de thuras iascaireachta beartaithe idir deich lá agus trí lá dhéag ar an árthach nuair a thit ball den chriú sa chóiríocht ann. Bhí an t-árthach i mbun trálaeireachta tráth an teagmhais agus bhí an ghabháil éisc ón ngabháil roimhe sin á próiseáil ag an gcriú ar deic. Timpeall Fórsa 5 a bhí an aimsir, ropadh gaoithe agus farraigí measartha go farraigí garbha ann. Bhí an t-árthach ag gluaiseacht go measarthach. Fuarthas an taismeach gan aithne gan urlabhra ar an deic sa láthair chodlata. Rinneadh iarrachtaí é a thabhairt ar ais chuige féin ach níor éirigh leo. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Lady Pixa** | |
|---|---|
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Bád Áineasa |
| **AN CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | D'fhág bád áineasa a raibh Scipéir agus Ball den Chriú ar bord air timpeall 10.00 ó Ché Nimmo istigh, an Cladach, Co. na Gaillimhe, le dul ag iascaireacht ronnach i gCuan na Gaillimhe istigh. Rinne an bád an turas timpeall 1.5 km go dtí an limistéar iascaireachta agus cuireadh tús leis an iascaireacht. Bhí doruithe láimhe á n-úsáid. Stopadh an iascaireacht thart ar 12.30 agus shocraigh an bheirt fhear go bhfillfidís ar Ché Nimmos. Chuaigh an bád ar aghaidh ar ais i dtreo Ché Nimmo. Bhí an Scipéir ag feidhmiú an bháid ó shuíochán an liagóra sa chábán. D'fhan an ball den chriú ar an deic i gcúl an bháid i mbun na gabhála éisc agus ag glanadh an bháid.<br><br>Ar an turas ar ais go Cé Nimmos, thug Scipéir an bháid faoi deara nach raibh an Ball den Criú ar an mbád a thuilleadh. Chuir an Scipéir na seirbhísí éigeandála ar an eolas agus thosaigh ar chuardach a dhéanamh sa limistéar díreach thart ar an áit a raibh siad ag iascaireacht. Chuaigh na seirbhísí éigeandála i mbun gnímh. Páirteach sna hiarrachtaí bhí RNLI Chuan na Gaillimhe, ingearán tarrthála R118 Shligigh agus Aonad Garda Cósta Chuan Chasla. Tógadh an Ball den Chriú ón uisce thart ar uair a chloig i ndiaidh fios a chur ar na seirbhísí éigeandála, aistríodh go hOspidéal na hOllscoile, Gaillimh, é, áit ar fógraíodh marbh é. |

# Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh 2023

### 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023

Tá achoimre sna táblaí seo a leanas ar eolas atá foilsithe i dtuarascálacha, le forléargas a thabhairt ar an méid sin. Is féidir breathnú ar thuarascálacha iomlána ar láithreán gréasáin MCIB, is é sin www.mcib.ie

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Teagmhas Cadhcála in Abhainn Chárthaí** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 28 Feabhra, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Cadhcanna |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 2 Samhain, 2019 |
| **ACHOIMRE** | D'imigh grúpa 27 cadhcóir amach ar thuras an 2 Samhain 2019 síos an abhainn in Abhainn Chárthaí Uachtarach, Co. Chiarraí. Ina measc siúd a bhí sa ghrúpa bhí cadhcóirí a raibh taithí acu agus tosaitheoirí, iad curtha i dtrí fhoghrúpa. D'éirigh leis an gcéad fhoghrúpa sruth na habhann a loingsiú go breá. Bhí deacrachtaí ag an dara grúpa agus ag an tríú grúpa. D'éirigh beirt de na cadhcóirí suaite agus glaodh ar na seirbhísí éigeandála. Rinneadh duine de na cadhcóirí a athbheochan. Fágadh cadhcóir eile, a bhí sáinnithe faoi ghéag crainn, neamhaireachtálach agus stop sí ag análú. Tógadh an dara Taismeach ón uisce, rinneadh í a athbheochan agus aistríodh chun an ospidéil í, ach fuair sí bás i ndiaidh tamaill. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Ní raibh na dálaí a bhí ann ag an am, timpeallacht na habhann ina measc, oiriúnach dóibh siúd a bhí ar an turas, ó thaobh iad a láimhseáil go sábháilte de. Ní dhearnadh an turas a mheas mar ba cheart i dtaca leis na rioscaí a bhain leis na dálaí ag an am ná le scileanna agus taithí an ghrúpa a bhí páirteach i spórt a bhfuil leibhéal ard riosca ag baint leis. Ní raibh go leor oiliúna ná taithí ag na daoine a bhí freagrach as na rioscaí a shonrú agus a mheas roimh ré agus ar an lá leis na rioscaí sin a mheas, nuair a chuirtear san áireamh dálaí na habhann ag an am agus an cineál grúpa a bhí ann. Tháinig an teagmhas seo chun cinn toisc nár cloíodh le Ráiteas Sábháilteachta Chlub Cadhcála Ollscoil Luimnigh, 2014, ná leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta maidir le Turais, cáipéisí ina dtugtar bearta rialaithe. Dá dheasca sin, bhí easpa oiliúint chreidiúnaithe ann agus bhí droch-chinnteoireacht ann dá bharr. Dá mba rud é go raibh teagascóirí cáilithe CI ann (nó daoine a mbeadh oiliúint agus taithí aitheanta ar an leibhéal céanna acu), d'aithneoidís go raibh an grúpa rómhór agus nach raibh go leor taithí ag na daoine a bhí ann. Ní thabharfaidís cead tabhairt faoi thuras a mbeadh tosaitheoirí páirteach ann sna dálaí sin agus/nó, tar éis dóibh tabhairt faoi, thuigfidís nach raibh na dálaí sin oiriúnach agus chuirfidís deireadh leis an turas.<br><br>Ní dhéanadh Aontas na Mac Léinn in Ollscoil Luimnigh aon mhaoirseacht ná iniúchadh ar shábháilteacht mac léinn ollscoile a bhí i mbun gníomhaíochtaí ardriosca, ná ní bhíodh aon chumas ann a leithéid a dhéanamh, tosca a chuir leis na bearnaí i dtimpeallacht sábháilteachta an Chlub. Ar a bharr sin, ní raibh Aontas Mac Léinn na hOllscoile agus Ollscoil Luimnigh féin tar éis teacht ar aon réimsí freagrachta uileghabhálacha a bhí comhaontaithe ná curtha in iúl eatarthu. D'fhág an méid sin go léir go raibh cultúr i réim ar leibhéal an chlub inar tugadh neamhaird iomlán ar Ráiteas Sábháilteachta Chumann Cadhcála Ollscoil Luimnigh, 2014, ar Bheartas agus Nós Imeachta na hOllscoile maidir le Turais, agus ar chaighdeáin mholta CI. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **An Luamh Black Magic** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 23 Márta, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 13 Nollaig, 2021 |
| **ACHOIMRE** | Sheol an luamh Black Magic, agus duine amháin ar bord, ó Mhuiríne na Luamh, Bun an Tábhairne, Co. Chorcaí, i dtreo Chuan Chionn tSáile thart ar 10.30 an 13 Nollaig 2021. Thart ar uair agus ceathrú ina dhiaidh sin, ar 11.50, chuaigh inneall transaim an luaimh trí thine. Leath an dóiteán go gasta. Bhain an Scipéir feidhm as a raidió láimhe an-ardmhinicíochta le comhartha guaise MAYDAY a chraoladh. Rinne árthach iascaireachta a bhí ag obair cóngarach don luamh a bhí á dhó comhartha MAYDAY a athsheachadadh chuig stáisiún raidió Gharda Cósta na hÉireann i nDairbhre a chuir tús le misean Cuardaigh agus Tarrthála.<br><br>Tharrtháil árthach iascaireachta eile an Scipéir thart ar 12.00 agus ghlac chun sábháilteachta é. Tamall gairid ina dhiaidh sin, ar 12.17, aistríodh an Scipéir istír ar Bhád Righin Inséidte Chuan Chorcaí a bhí tar éis teacht ó Bhun an Tábhairne le tacaíocht a thabhairt. Níor gortaíodh an Scipéir le linn an teagmhais. Loisceadh an luamh sa tine. Ar 12.48, thuairiscigh Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála Bhun an Tábhairne go raibh an luamh tar éis dul faoi uisce i gCuan Rinn an Bhile. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ní raibh aon cheann ann |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Bhuail cliseadh suntasach meicniúil an t-inneall toisc go raibh an t-inneall transaim á fheidhmiú go leanúnach ar bord an luaimh Black Magic, ar acmhainn uasta a dheartha, agus an luamh ag triall ó Mhuiríne Bhun an Tábhairne i dtreo Chuan Rinn an Bhile. An chaoi ar thit cliseadh meicniúil an innill amach, bhí comhpháirteanna teo den inneall neamhchosanta ar bhealaí breosla agus ola peitril a d'adhain gan rabhadh agus a chuir tús le dóiteán ar bord an árthaigh. Loisceadh an t-árthach sa tine. Chuaigh an t-árthach faoi uisce gar do Chuan Rinn an Bhile.<br><br>Ar na himthosca taobh thiar de chaillteanas an luaimh Black Magic bhí an easpa gaoithe a bhí ann chomh maith le cumas fo-optamach inneall transaim an luaimh leis an luamh a chumhachtú ar an luas a theastaigh nuair a bhí an luamh á sheoladh amach as Cuan Chorcaí ag a mhótair.<br><br>Nuair a líonadh umar breosla an innill leis an inneall transaim a athbhreoslú, is dócha gur doirteadh breosla cóngarach don inneall agus don transam. Is dócha gur chuir an breosla leis an dóiteán a tháinig ina dhiaidh sin, a thosaigh san inneall transaim agus arbh é ba chúis le caillteanas an luamh. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Anna Louise** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 6 Aibreán, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta <15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 2 Iúil, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Bád oscailte iascaireachta ab ea FV Anna Louise a bhí 5.35 m ar fad agus inneall transaim ann. Glacadh an bád ar ghnáth-thuras iascaireachta ar an 2 Iúil 2022 le potaí gliomach a thógáil i mBá Bheanntraí, Co. Chorcaí. Oibritheoir bád cáilithe é an Scipéir, bhí taithí agus deimhniú bailí aige. Bhí an Scipéir tar éis dhá shlabhra potaí gliomach a thógáil ar bord; deich bpota san iomlán a bhí ann. Bhí sé i mbun an baoi marcála a fháil nuair a bhuail tonn isteach thar an deireadh, a d'fhág go raibh an bád faoi uisce. Rinne an Scipéir iarracht an galún taosctha a bhaint amach, ach d'iombháigh tonn eile an bád, agus chuaigh an bád faoi uisce go gasta. Bhí an rabhchán raidió lena léirítear suíomh éigeandála ar snámh gan srian agus casadh air é. Is é Fo-Ionad Tarrthála Muirí Dhairbhre a fuair an comhartha guaise agus a thosaigh na gníomhaíochtaí tarrthála. Cuireadh bád tarrthála cladaigh Bheanntraí i bun gnímh, mar a rinneadh le bád tarrthála agus ingearán tarrthála R115 Bhaile Chaisleáin Bhéarra.<br><br>Shnámh an Scipéir istír agus chuaigh chuig teach. Chuir sé glaoch ón teach sin lena chur in iúl go raibh sé slán sábháilte folláin. Cuireadh deireadh leis na hoibríochtaí tarrthála. Fuarthas an bád ina dhiaidh ó leibhéal 12 m d'uisce. Níor gortaíodh aon duine agus ní raibh aon truailliú ann. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ní raibh aon cheann ann |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | D'éirigh an bád iombháite ag tonnta a bhí ag teacht thar an deireadh agus ag líonadh an bháid le huisce farraige. Chuaigh an bád faoi uisce go gasta toisc nach raibh aon bhuacacht taca ann agus an bád lán uisce.<br><br>Bhíothas tar éis saorbhord an bháid a laghdú de bharr go raibh ualaí breise ar bord, a d'fhág go raibh sé ní ba neamhchosanta ar iombhá.<br><br>Bhíothas tar éis mionathruithe a dhéanamh leis an saorbhord a laghdú. Ba chóir go mbeadh na mionathruithe sin curtha faoi bhráid an tsuirbhéara a bhí tar éis deimhniú faoin gCód Cleachtais a eisiúint i gcomhréir le ceanglais 1.5.5.2 ón gCód sin leis na mionathruithe a cheadú. Measadh go raibh an saorbhord tosaigh beag, ach ní shonraítear aon toisí íosta le haghaidh saorbhoird sa Chód Cleachtais i gcás báid oscailte den mhéid seo.<br><br>Bhí gaireas snámhachta pearsanta ceadaithe á chaitheamh ag an Scipéir de réir mar a bhí riachtanach. Chuir sé sin ar a chumas snámh istír agus chosain sé é ar thoradh ní ba thromchúisí. Léiriú atá anseo ar an tábhacht a bhaineann le gaireas snámhachta pearsanta a chaitheamh, go háirithe agus duine ag obair ina aonar. Bhí rabhchán raidió lena léirítear suíomh éigeandála ag an mbád a bhí ar snámh gan srian. Casadh air é agus cuireadh eolas ar an lucht tarrthála. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Cadhcóirí ar an Maoil Rua** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 18 Bealtaine, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Cadhcanna |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 19 Márta, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Chuaigh seisear cadhcóirí amach maidin Dé Sathairn an 19 Márta 2022 ar thuras cadhcála ar an Maoil Rua, Co. Dhún na nGall. Is loch farraige taoide é seo a imíonn 19 km/10 muirmhíle isteach faoin tír ó chósta an Atlantaigh thuaidh. Turas treoraithe tráchtála a bhí anseo, agus páirteach air bhí Eagraí an Turais agus cúigear cliant. Is daoine fásta iad na cliaint a bhí ann. Ní raibh taithí ar chadhcáil ag an mórchuid acu agus bhí cuid acu gan taithí ar bith uirthi. Níor chaith ach cliant amháin culaith uisce mar chosaint theirmeach i gcoinne éifeachtaí an tumtha in uisce fuar. Bhí éadaí mar bhríste géine agus cótaí geimhridh ar an gcuid eile.<br><br>Chuaigh an grúpa i sáinn nuair a d'éirigh luas na gaoithe ní b'airde agus staid na farraige ní ba mheasa. D'iompaigh an cadhc dúbailte béal faoi ach d'éirigh leis an mbeirt chliant a bhí ann an cadhc a cheartú agus a mbealach a dhéanamh go taobh an locha. Rinne beirt chliant eile, i gcadhcanna aonair, a mbealach féin chuig an taobh eile den loch. D'iompaigh ceann de na cadhcanna béal faoi agus shnámh an duine ar feadh 20 nóiméad nó mar sin chun an cladach a bhaint amach. D'iompaigh an cliant a bhí fágtha agus Eagraí an Turais na cadhcanna a bhí acu agus chaill teagmháil leo. D'imigh siad le sruth ar feadh uair an chloig nó mar sin, iad ina n-aonar thart ar leath bealaigh trasna an locha, go dtí gur tharrtháil an Garda Cósta iad. B'éigean dóibh cóir leighis ospidéil a fháil sular ligeadh amach iad an lá céanna. Ní fhéadfaí an tarrtháil seo a chur i gcrích murach gur ghníomhaigh duine den phobal go mear, duine a chonaic daoine eile san uisce agus a chuir fios ar na seirbhísí éigeandála. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Cuireadh beirt san ospidéal |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Thit taisme mhuirí amach mar thoradh ar an turas cadhcála seo a bhí mar bhagairt bháis nó bagairt mhórdhíobhála roimh dhaoine a bhí ag oibriú árthaí áineasa in uiscí Éireannacha. Meascán de na tosca cúisíocha agus tosca eile seo a leanas ba chúis leis an teagmhas taisme muirí seo, na cinn seo ina measc: aimsir mhífhóirsteanach, oiliúint uireasach agus cáilíochtaí uireasacha, pleanáil uireasach don turas, pleanáil theagmhasach uireasach, trealamh sábháilteachta uireasach, éadach cosantach uireasach agus timpeallacht sábháilteachta uireasach. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV An Portán Óir** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 9 Lúnasa 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta <15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 14 Deireadh Fómhair, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Bád deiceáilte ab ea FV An Portán Óir a bhí 9.9 m ar fad agus a raibh inneall díosail istigh ann. Glacadh an bád ar ghnáth-thuras iascaireachta i mBá an Daingin, Co. Chiarraí Dé hAoine an 14 Deireadh Fómhair 2022 le potaí gliomach a thógáil, a bhaoiteáil agus a chaitheamh. Is é úinéir an bháid (an Scipéir) a bhí á fheidhmiú. Oibritheoir bád cáilithe é an Scipéir, taithí agus deimhniú bailí aige. Bhí an Scipéir ag tabhairt faoin slabhra deireanach 30 pota gliomach a chaitheamh, deich bpota acu san uisce, nuair a d'éirigh a chos i bhfostú i dtéada na bpotaí. Bhí an bád i ngiar leis an slabhra a shíneadh. D'éirigh an téad teannta ar chos an Scipéara agus tarraingíodh chun deiridh é. Rug an Scipéir greim ar an téad idir na potaí agus cheangail sé é den ráille láimhe le nach dtarraingeofaí thar bord é. Níor éirigh leis é féin a scaoileadh saor óir bhí teannas ag baint leis an téad a bhí thart ar a chos. D'fhan sé mar a raibh sé go dtí gur tarrtháladh é timpeall ceithre uair an chloig ina dhiaidh.<br><br>Thug daoine ar tír faoi deara nach raibh sé tar éis filleadh mar a bhí beartaithe agus iadsan a chuir na seirbhísí éigeandála ar an eolas. Thug báid áitiúla chomh maith le hingearáin tarrthála ó Bhád Tarrthála agus Garda Cósta Dhaingean Uí Chúis faoi chuardach go dtí gur aimsigh bád áitiúil an bád. Tugadh an Scipéir i dtír. Bhí otharcharr ag fanacht ansin leis an Scipéir gortaithe a thabhairt chun an ospidéil. Gortaíodh cos an Scipéara go dona. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Gortuithe tromchúiseacha |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Ní teagmhas neamhghnách a bhí anseo ach d'éirigh cúrsaí ní ba mheasa de bhrí go raibh an Scipéir ar bord ina aonar gan aon scian in aice láimhe agus toisc nach raibh rabhchán aimsithe pearsanta aige leis na seirbhísí éigeandála a chur ar an eolas láithreach.<br><br>Gníomhaíocht ardriosca atá san iascaireacht aonair gan duine ar bith eile ann. Baineann sé sin go háirithe le hoibríochtaí potaithe. Léiriú atá sa taisme seo go dtarlaíonn timpistí uaireanta go gasta, fiú i gcás iascairí a bhfuil neart taithí acu. Tá sé ríthábhachtach measúnú riosca a dhéanamh roimh gach turas le go gcuirfear i gcuimhne don iascaire go leanúnach na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus leis an trealamh agus na gnásanna cearta a chur i bhfeidhm leis na rioscaí sin a mhaolú nuair is féidir. Bhíothas ag tuar i réamhaisnéis na haimsire go dtiocfadh méadú go Fórsa 6 isteach an tráthnóna sin agus bhí Rabhadh um Árthaí Beaga i bhfeidhm. Bhí riosca ní ba mhó ann, mar sin, roimh an iascaire a bhí ar bord ina aonar.<br><br>Is léir ón taisme seo an tábhacht a bhaineann le duine ceaptha ar tír. Cé go mbíonn iarracht i gceist leis, is gá teagmháil rialta a dhéanamh le duine ar tír. Cuidiú is ea teagmháil mar sin le nach n-éireoidh teagmhas beag níos tromchúisí. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV Bikain** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 17 Lúnasa 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15 m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 25 Samhain, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Bhí FV Bikain, cláraithe sa Fhrainc, in aice le ceann na príomhché i gCuan an Daingin, Co. Chiarraí, an 25 Samhain 2022. Bhí an t-árthach á ullmhú le dul chun farraige i mbun iascaireachta arís. Dúisíodh an príomhinneall agus bhí seiceálacha roimh an seoladh á ndéanamh nuair a chuaigh na liáin ilchéime inrialaithe go hiomlán chun deiridh. Rinne an Scipéir iarracht an stopchnaipe práinne ar bhord rialúcháin an chábáin stiúrach a úsáid chun an príomhinneall a stopadh. Níor éirigh leis é sin a dhéanamh. Briseadh na téada tíre a bhí ag coinneáil greim ar an árthach agus chuaigh an t-árthach chun deiridh go gasta. Rinne an t-árthach teagmháil throm le pontún na muiríne bád theas. Rinneadh an-damáiste don phontún agus do bháid eile a bhí feistithe ansin ag an am.<br><br>Stopadh an príomhinneall ar deireadh nuair a dúnadh an breosla. Chuaigh an t-árthach ar snámh ar bháisín an chuain. Bhí trálaer eile feistithe ar an bpríomhlamairne. Chonaic lucht an trálaeir an teagmhas agus chuaigh go tapa le cuidiú a thabhairt. Tharraing siad FV Bikrain ar ais cois lamairne. Níor gortaíodh aon duine agus ní raibh aon truailliú ann. Rinneadh an-damáiste don phontún theas agus do bháid a bhí feistithe, áfach. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ní raibh aon cheann ann |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Dearadh an córas leictreach go fabhtach ar an árthach seo. Ba é sin bunúdar na taisme. Mar gheall ar dhearadh an chórais seo, b’éigean na cadhnraí éigeandála a úsáid i rith an ama leis an árthach a fheidhmiú. Níor chóir na cadhnraí éigeandála a úsáid ach i gcásanna éigeandála, nuair a theipeann ar an bpríomhsholáthar cumhachta. Ní raibh an t-árthach in ann feidhmiú gan an fhoinse éigeandála de chumhacht leictreach a úsáid.<br><br>Caithfidh córais stop éigeandála don phríomhinneall a bheith in ann feidhmiú i gcónaí. Ní féidir leo brath go hiomlán ar chórais cadhnraí éigeandála. Níor aithníodh mar chliseadh criticiúil cliseadh an chórais luchtaithe cúpla uair roimhe sin. Ba cheart imscrúdú iomlán a chur ar bun an t-am sin chun na cúiseanna leis na clistí sin a fhiosrú. Ba chóir na fabhtanna deartha a aithint san iniúchadh seo agus an taisme seo a chosc. Ní raibh aon nósanna imeachta scríofa ann don tástáil ná don chothabháil ar an gcóras ríthábhachtach seo ar an árthach. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Arklow Raider** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 4 Meán Fómhair, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Lastlong |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 25 Samhain, 2022 |
| **ACHOIMRE** | Tráthnóna an 25 Samhain 2022, chuaigh an t-árthach lastais ghinearálta Arklow Raider ar thuras ualaithe suas Muir Bhriostó i dtreo ceann sprice, arbh é sin Calafort Sharpness sa Ríocht Aontaithe. Chuaigh an t-árthach faoi Dhroichead na Sabhrainne thart ar 19.19 agus thosaigh an Píolóta ar chasadh beartaithe chun calafoirt thart ar Lyde Rock. Cé gur chuir an Píolóta stiúir an deasbhoird i bhfeidhm chun dul in éadan na sruthanna agus frithshruthanna a raibh dúil leo, athraíodh cúrsa an árthaigh go tobann chun calafoirt agus d'fhág sé an seolbhealach.Triomaíodh é ansin go trom ón tosach ar íochtar láibe agus carraige thart ar 19.21. Tar éis rabhadh a thabhairt do na hurranna ar fad agus a chinneadh nár léir go raibh aon uisce i ndiaidh teacht isteach, baineadh feidhm as cumhacht an árthaigh féin chun é a chur ar snámh arís ar an taoide a bhí fós ag ardú. Cuireadh stop leis an iarracht. Cuireadh an turas i gcrích go sásúil ar an gcéad taoide eile agus an Píolóta céanna ann. Rinneadh damáiste do phlátáil agus frámáil an cháis san umar ballasta i gceann an bháid. Ina dhiaidh sin, braitheadh uisce a bhí tagtha isteach i gceann a bháid. Cuireadh an t-árthach i nduga tirim le go ndéanfaí é a dheisiú. Níor gortaíodh aon duine agus ní raibh aon truailliú ann. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Ní raibh aon cheann ann |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Ní raibh aon rud neamhghnách ag baint leis na dálaí timpeallachta ag an am, luas/treo na gaoithe agus airde na taoide ina measc, agus bhíothas tar éis an t-árthach a ionramháil ar an tslí chéanna trí huaire eile agus é luchtaithe. Maidin lá arna mhárach, d'éirigh leis an árthach taisteal tríd an limistéar i ndálaí taoide a bhí beagnach mar an gcéanna agus an Píolóta céanna ann. Chuathas ar bhealach ní ba dhírí thar Slimeroad Sands. Fianaise láidir atá anseo go raibh an rian a glacadh chomh maith le huillinn na cabhlach i gcodarsnacht leis an sruth sa ghluaiseacht roimhe sin ina gcúiseanna taobh thiar d'athrú treo tobann chun calafoirt.<br><br>Is maith is eol don phobal áitiúil go bhféadtar frithshruth láidir a bhrath sa limistéar thart ar Lyde Rock. Bíodh sin mar atá, ní thugtar an t-eolas sin in Admiralty Sailing Directions ná in eolas píolótaíochta do mhairnéalaigh. Níl aon slí ann chun airde na taoide ná chun an sreabhadh srutha a thomhas thart ar Lyde Rock. Ina theannta sin, ní dhéantar ach suirbhéireacht ó amharc ar Slimeroad Sands.<br><br>Níor tharla an t-athrú tobann chun calafoirt mar thoradh ar aon locht ar an árthach féin ach mar gheall ar an tionchar a bhí ag feachtaí agus frithfheachtaí láidre a bhí ag dul i bhfeidhm ar cheathrú bhord na sceathraí agus ar cheathrú bhord na heangaí faoi seach. Ní féidir a léiriú cé acu ar eachtra neamhghnách ab ea láidreacht an tsrutha nó an raibh stiúir an árthaigh tar éis loiceadh. B'fhéidir go mbeifí in ann éifeacht na sruthanna a íoslaghdú dá ndéanfaí an rian a phleanáil le go gcoinneofaí treo na cabhlach go ceartingearach i gcoinne éifeachtaí tiontaithe an tsrutha, is é sin dá rachfaí ar threo ní ba dhírí thar Slimeroad Sands. Bhí glanspás faoin gcíle ar leibhéal sásúil lena leithéid a dhéanamh.<br><br>Ar choinníoll go mbíonn glanspás sásúil faoin gcíle ann, is fearr dul ar thuras níos dírí thar Slimeroad Sands seachas casadh chun calafoirt cóngarach do Lyde Rock. Cúinse a bhí taobh thiar den triomú seo ná an chaoi nach raibh ach méid teoranta sonraí ar fáil maidir le taoidí agus sruthanna. Chomh maith leis sin, ní dhéantaí suirbhéireachtaí hidreagrafacha go rialta thart ar Slimeroad Sands. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **FV John B** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 13 Nollaig, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Iascaireachta >15m |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 17 Iúil, 2020 |
| **ACHOIMRE** | Tharla teagmhas ar an 17 Iúil 2020 ar bord FV John B agus an t-árthach i mbun oibríochtaí iascaireachta i Muir Éireann. Agus na heangaí agus an fearas iascaireachta á dtarraingt ar bord, gortaíodh Ball den Chriú go dona nuair a d'éirigh a chos sáinnithe idir an meáchan láir agus an cás coinneála meáchain i ndeireadh an árthaigh. Rinneadh an t-ualach a shocrú le go bhféadfadh an Ball gortaithe den Chriú a chos ghafa a bhaint saor as greim an ualaigh láir. Thug baill eile den chriú cúram garchabhrach don Bhall den Chriú a bhí gortaithe.<br><br>Cuireadh úinéirí an árthaigh ar an eolas faoin teagmhas. Chuaigh an t-árthach ar aghaidh go dtí an calafort ba chóngaraí, arbh é sin Ionad Iascaigh Cuain Bhinn Éadair i gCo. Bhaile Átha Cliath. Níor iarr ná níor lorg an Scipéir ná na húinéirí aon chúnamh seachtrach míochaine ná éigeandála. Nuair a sroicheadh Ionad Iascaigh Cuain Bhinn Éadair, tugadh cúnamh don Bhall gortaithe den Chriú teacht den árthach agus aistríodh é chuig Rannóg Éigeandála Ospidéal Beaumont. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Aon ghortú trom amháin |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Níor scaipeadh aon mheasúnú riosca maidir leis na heangaí a tharraingt ar an gcriú. Rinneadh cuid de na baill den chriú a earcú gan an oiliúint éigeantach a chur orthu. Ní raibh mórán taithí ag an Scipéir ar an árthach. Bhí sé ag brath ar an gcriú an fearas a fháil ar ais gan stiúir agus d'fhan sé féin sa chábán stiúrach. Níl aon mhioneolas ná fianaise eile ann a thacaíonn leis an bhfianaise ón Scipéir ina dtugtar le tuiscint go raibh rabhadh tugtha do Bhall Uimh. 1 den Chriú maidir leis na contúirtí a bhain le bheith ina sheasamh ar an ualach agus an fearas iascaireachta á fháil ach gur lean an Ball den Chriú ar aghaidh mar sin cibé. Tá an ráiteas sin á shéanadh ag an Taismeach. Beag beann ar cé acu leagan atá fíor, thit teagmhas an-tromchúiseach amach mar thoradh ar an tslí a ndearnadh an tasc. Ní hé feidhm MCIB é dliteanas a chinneadh.<br><br>Bhí dearadh agus leagan amach an fhearais iascaireachta ar an árthach seo go dona. D'fhág sé sin go raibh an chumarsáid idir oibritheoir na castainne agus criú na deice dúshlánach. Ní raibh oibritheoir na castainne in ann na baill den chriú a fheiceáil agus na heangaí á gcur isteach ar na roithleáin acu. Ní raibh bealaí soiléire cumarsáide ann más rud é nach raibh oibritheoir na castainne in ann na baill den chriú a fheiceáil agus na heangaí á gcur isteach ar na roithleáin acu. Dá mbeadh dearadh sábháilte agus cumarsáid éifeachtach bheartaithe i bhfeidhm, d'fhéadfaí maoirseacht éifeachtach a dhéanamh. Bhí deacrachtaí cumarsáide ar an árthach go ginearálta de bhrí go raibh bacainn teanga ann idir na baill den chriú.<br><br>Gné thábhachtach a bhí ann ná an líon daoine a bhí sa chriú ar an árthach. Is é is dóichí ná a mhalairt, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil do MCIB, gur cúigear móide an Scipéir a bhí sa chriú ar an turas a bhí i gceist seachas an criú de sheisear móide an Scipéir mar a bheadh de ghnáth. Má bhíonn duine amháin ar iarraidh ón líon daoine sa chriú, is léir go bhfuil seans ann go mbeidh na daoine eile sa chriú níos tuirsiúla agus go mbeidh níos mó oibre le déanamh acu. Lena chois sin, beidh fadhbanna ann líon ard go leor daoine a chur i mbun oibríochtaí áirithe. Maidir leis na taifid a cuireadh ar fáil bunaithe ar an Rialachán um Eagrú Ama Oibre, tá ceisteanna ag eascairt astu maidir leis an líon den chriú a bhí ag obair leis na heangaí a chur i mbun oibre agus a fháil ar ais ar an lá sin. Nuair a chuirtear san áireamh an méid taithí a bhí ag an gcriú, agus na cineálacha oibríochtaí agus an cineál turais a bhí i gceist, b'fhearr dá mbeadh criú de sheisear chomh maith le Scipéir ar an árthach.<br><br>Tar éis don teagmhas titim amach, mar gheall ar chomh tromchúiseach a bhí an gortú, ba chóir don Scipéir Seirbhís Raidió an Gharda Cósta a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le Medico Cork le comhairle a lorg agus bealach sábháilte a shocrú chun an ospidéil.<br><br>Níor chloígh úinéirí agus oibritheoirí an árthaigh le píosaí éagsúla reachtaíochta a bhí i bhfeidhm chun oibríochtaí agus sábháilteacht an chriú a rialú i gcás árthach iascaireachta cláraithe in Éirinn. |

| Ainm an árthaigh/an teagmhais: **Simmerdim** | |
|---|---|
| **DÁTA A FOILSITHE** | 20 Nollaig, 2023 |
| **AN CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Paisinéirí |
| **DÁTA AN TEAGMHAIS** | 8 Samhain, 2022 |
| **ACHOIMRE** | D'fhág an t-árthach Simmerdim Leitir Mealláin, Conamara, Co. na Gaillimhe ar maidin an 8 Samhain 2022. Bhí ceathrar de phearsanra feirme brádán ar bord. Chuaigh siad i dtreo láithreán na feirme brádán amach ón gcósta cóngarach do Ché na hAirde Móire, Co. na Gaillimhe. Tháinig an t-árthach chuig an láithreán oibre agus rinneadh é a fheistiú in aice leis an mbáirse friothálach. D'aistrigh an pearsanra ar fad ón árthach go dtí an báirse friothálach. Tháinig árthach níos lú (bád Polar) agus cúigear air chomh fada le báirse friothálach na feirme bradán. D'fhán an t-árthach ag an láithreán. Chuathas ar feistiú taobh amuigh de Simmerdim le triúr a ligean amach, arbh iad siúd beirt chonraitheoirí tumadóra agus duine amháin de phearsanra na feirme bradán.<br><br>D'aistrigh an chéad duine den triúr paisinéirí ón mbád Polar trasna Simmerdim go dtí an báirse friothálach. Agus an dara duine den ghrúpa (tumadóir) ar an mbealach go dtí an báirse friothálach, tháinig an dá árthach le chéile. D'fhág sé sin gur sáinníodh an duine idir an dá árthach, rud ba chúis le gortuithe timpeall an pheilbhis. Tugadh an Taismeach gortaithe ar ais ar bord an Simmerdim. Rinneadh é a aeraistriú ansin chuig Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh. Rinneadh a ghortuithe a mheas ansin. I measc na ngortuithe a bhí air, bhí bristeacha éagsúla ina pheilbheas aige chomh maith le hailt bhriste i gcuas a chromáin. |
| **GORTUITHE/BÁSANNA** | Gortuithe tromchúiseacha |
| **AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS** | Mar achoimre, bhain gortuithe tromchúiseacha don Taismeach sa teagmhas seo toisc go raibh sé brúite idir dhá árthach ar a bhealach ó cheann amháin go dtí an ceann eile. Níorbh oiriúnach an bealach sábháilte rochtana chun aistriú ó árthach amháin go ceann eile, agus bhítí ag breathnú de réir a chéile mar nós normálta go seastaí thar na ráillí taoibh go dtí an garda boinn ar an mbáirse friothálach. Gnéithe ba chúis leis an teagmhas seo ná na dálaí a bhí ann ag an am - treo agus airde an bhorrtha san áireamh. Bhí sé ina riachtanas a bhain leis an gceadúnas go ndéanfaí an t-árthach a fheidhmiú in aimsir mhaith. Ní aimsir mhaith a bhí ann de réir mar atá a leithéid sainithe. Bhí Simmerdim á fheidhmiú taobh amuigh de choinníollacha a cheadúnais.<br><br>Cailleadh deiseanna agus na hárthaí á gceannach chun pasáiste sábháilte a sheiceáil idir Simmerdim agus an báirse friothálach. Cé go raibh bealach sábháilte rochtana ar an dá cheann acu, ní raibh na bealaí sin comhoiriúnach agus na hárthaí feistithe in aice a chéile. D'fhéadfaí an cheist maidir le rochtain shábháilte a mheas mar chuid den phróiseas soláthair in 2016. Ní dhearnadh é sin, áfach, ós rud é nárbh ann do phróiseas soláthair ina ndéanfaí gnéithe sábháilteachta den dá árthach a mheas. Rinneadh athruithe ansin.<br><br>Níor aithníodh na lochtanna a bhainfeadh leis an aistriú ó árthach go hárthach i measúnú riosca an oibritheora, go háirithe faoi mar a bhainfeadh le tríú páirtithe, an tumadóir conraithe mar shampla. Ba cheart an t-aistriú go dtí an báirse friothálach a dhéanamh de réir Cead Freastail arna eisiúint ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí mar a éilítear faoi Chaibidil 5 (alt 52, Rialacháin Oibríochtaí Freastail) den Acht Loingis Cheannaíochta, 2010.<br><br>Bhí an oibríocht aitheanta ag an oibritheoir de réir chórais shábháilte oibre an oibritheora. Ní raibh an oibríocht údaraithe ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí trí bhíthin Cead Freastail, áfach. Dá mbeadh Plean Sábháilteachta Oibríochtaí Freastail ann, a theastaíonn chun cead a fháil, chuirfí Oifig na Suirbhéireachta Muirí ar an eolas faoin aistriú pearsanra ar muir agus spreagthaí grinnscrúdú ar an oibríocht chomh maith le maoirseacht neamhspleách ar phleanáil an aistrithe sin. Dá mbeadh cead mar sin ann, leagfaí síos paraiméadair do na socruithe aistrithe le haghaidh aistriú sábháilte ó Simmerdim agus chuige. Dá gcuirfí oibritheoir an árthaigh, san iarratas ar cheadúnas um iompar paisinéirí, Oifig na Suirbhéireachta Muirí ar an eolas maidir leis na haistrithe ar muir a raibh Simmerdim páirteach iontu, bheadh an Oifig in ann cineál na n-oibreacha a bhreacadh ar an gceadúnas agus an t-oibritheoir a chur ar an eolas gur theastaigh Cead Freastail. |

# Comparáidí idir Taismí Muirí 2014 - 2023


| An Cineál Árthaigh | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa Paisinéirí/Árthaí** | | | | | | | | | | |
| Róró (rolladh ann-rolladh as) Idirnáisiúnta | | | 10 Ghortú | 1 Bhás | | | | | | |
| Intíre | | | 2 Ghortú | | | | | | | |
| Árthach Paisinéirí | | | 1 Bhás<br>1 Ghortú | | | | | | 1 Ghortú | |
| **Fo-Iomlán** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás<br>13 Ghortú** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Ghortú** | **Ceann ar bith** |
| **Longa Lasta** | | | | | | | | | | |
| Longa Lasta Ginearálta | | | | | | | | | 1 Ghortú | |
| Lastlong Ró-Ró | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Bulciompróir | | | | | | | | | | |
| Long Choimeádán | | | | | 1 Bhás | | | | | |
| Iompróir Cairr | | | | | | | | | | |
| Píolóta/Báirse Bád Oibre | | | | | | | | | | |
| Ardaitheoir Trom | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Ghortú** | **Ceann ar bith** |
| **Árthaí Iascaireachta** | | | | | | | | | | |
| < 15 méadar | 1 Bhás | 1 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 3 Bhás<br>2 Ghortú | | 1 Ghortú | 2 Bhás |
| 15 - 24 méadar | | | | | | | 1 Bhás | 1 Ghortú | 1 Ghortú | 1 Bhás |
| > 24 méadar | | 2 Bhás | 2 Bhás | | | | | 1 Ghortú | 2 Ghortú | |
| **Fo-iomlán** | **1 Bhás** | **3 Bhás** | **4 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **4 Bhás<br>2 Ghortú** | **2 Ghortú** | **4 Ghortú** | **3 Bhás** |
| **Árthach Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | | | | | | | | | 1 Bhás |
| Báid/Cadhcanna Oscailte | 3 Bhás/<br>1 Ghortú | | 1 Bhás/<br>1 Ghortú | 1 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás/<br>1 Ghortú | | | | 3 Bhás |
| Mótarbhád (Le Léibheann) | | 2 Bhás | 3 Bhás | | 1 Bhás | 1 Bhás | | | | 1 Bhás |
| Bád Seoil | 1 Bhás | | | | | | | | | |
| Árthach Pléisiúir Gasta/RIB | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | | | | |
| **Fo-Iomláin** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **2 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **3 Bhás** | **5 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Ghortú** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **5 Bhás** |
| **Líon iomlán na nEachtraí** | **7** | **7** | **15** | **5** | **5** | **10** | **8** | **8** | **11** | **10** |
| **Líon iomlán na mBásanna** | **5** | **5** | **9** | **6** | **8** | **6** | **4** | **0** | **0** | **8** |
| **Líon iomlán na nGortaithe** | **1** | **0** | **14** | **0** | **0** | **1** | **1** | **2** | **6** | **0** |
| **Líon Iomlán na nÁrthaí a bhí i gceist** | **7** | **7** | **15** | **5** | **5** | **11** | **8** | **8** | **21** | **11** |

# Treochtaí maidir le Básanna 2014 - 2023


## Longa/Árthaí Paisinéirí





## Longa Lasta




## Árthaí Iascaireachta




## Árthach Áineasa



# Aguisín A

Na teagmhais atá leagtha amach thíos, rinne MCIB iad a mheas ach ní dhearnadh iad a imscrúdú. I gcás cuid de na teagmhais seo bhíothas ag obair i gcomhar le stáit bratacha eile nó, i gcásanna áirithe, rinneadh sonraí tábhachtacha a uaslódáil ar an Ardán Eorpach um Fhaisnéis ar Thaismí Muirí (EMCIP).

| Tag.MCIB | Ainm an Árthaigh | Dáta | Sonraí faoin Teagmhas |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/562 | MT Gladiator | 09/01/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/563 | MS Epsilon | 08/01/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/564 | FV Mairi Maree | 16/01/2023 | Lián calctha |
| MCIB/13/565 | FV Silver Rose | 16/01/2023 | Soitheach báite |
| MCIB/13/567 | FV Annelies Ilena | 19/01/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/568 | RNLI LB Myrtle Maud | 19/01/2023 | Bhuail an t-árthach carraigeacha |
| MCIB/13/569 | FV Róise Catríona | 04/02/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/570 | FV Green Isle | 12/02/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/571 | FV Harvest Reaper II | 15/02/2023 | Lián calctha |
| MCIB/13/573 | FV Stella Maris | 17/03/2023 | Fadhb innill |
| MCIB/13/574 | Ku-ee-tu-water bus | 18/03/2023 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/575 | FV Antarctic | 23/03/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/576 | FV Rackard | 26/03/2023 | Lián calctha |
| MCIB/13/577 | MV Pompei | 12/03/2023 | Imbhualadh le Droichead Iarnróid na Bearú |
| MCIB/13/578 | MV Elbtrader | 17/03/2023 | Árthach nach raibh smacht air |
| MCIB/13/579 | FV Ronsard | 06/05/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/580 | FV Zuiderzee | 11/05/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/581 | FV Boy Jason | 10/05/2023 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/582 | FV Emer Jane | 18/05/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/583 | FV Eilean Croine | 20/05/2023 | Dóiteán leictreach ar bord |
| MCIB/13/584 | Jet Ski - Carlingford | 22/05/2023 | 1 bhás amháin |
| MCIB/13/586 | FV Grand Saint Bernard | 02/06/2023 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/587 | Open lake fishing boat | 23/05/2023 | Lucht an bháid san uisce tar éis don árthach bualadh in aghaidh carraigeacha agus dul i dtalamh |
| MCIB/13/588 | T Burke 2 | 13/06/2023 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/589 | MV Stena Estrid | 22/06/2023 | Teip innill |
| MCIB/13/590 | SV Flashpoint | 25/06/2023 | D’iompaigh an t-árthach agus chuaigh faoi uisce |
| MCIB/13/591 | GP14 Dinghies in difficulty | 22/06/2023 | D’iompaigh na báidíní |
| MCIB/13/592 | FV Nuevo San Juan | 02/07/2023 | Soitheach báite |

| Tag.MCIB | Ainm an Árthaigh | Dáta | Sonraí faoin Teagmhas |
|---|---|---|---|
| MCIB/13/593 | Rib C-Breeze | 08/07/2023 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/594 | FV Custos Deus | 17/07/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/598 | Pontoon workboat | 03/08/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/599 | FV Migrator | 16/08/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/600 | MV Hermine | 10/08/2023 | Mífheidhm innill |
| MCIB/13/601 | FV The Morning Lark | 19/08/2023 | Soitheach báite |
| MCIB/13/602 | SV Brian Boru | 21/08/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/603 | SV Macif 27 | 10/08/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/605 | Aqua Transporter | 19/08/2023 | Teip innill |
| MCIB/13/606 | MV WB Yeats | 06/09/2023 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/607 | FV Men Scoedec | 15/09/2023 | Lián calctha |
| MCIB/13/608 | MV Strami | 13/09/2023 | Teip innill |
| MCIB/13/609 | SV TI Carayb Solo Sail | 11/09/2023 | Teip innill |
| MCIB/13/610 | FV Graceful Morn 2 | 26/09/2023 | Árthach i dtalamh |
| MCIB/13/612 | FV Ocean Crest | 05/10/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/613 | Boat fire Killaloe | 08/10/2023 | Dóiteán ar bord |
| MCIB/13/614 | FV Northern Celt | 11/10/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/615 | MV Oscar Wilde | 29/10/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/616 | FV Kennedy | 26/11/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/617 | FV Astrid | 11/12/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/618 | MV Wilson Nice | 27/12/2023 | Fadhb innill |
| MCIB/13/619 | MV UHL Future | 08/12/2023 | Ball den chriú gortaithe |
| MCIB/13/620 | FV Boy Jason | 12/12/2023 | Fabht leictreach |

# Ráitis Airgeadais 2023

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1 Eanáir go 31 Nollaig 2023

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 35 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 41 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coimeádta | 43 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 44 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 45 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 | 46 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

## Príomhghníomhaíochtaí

D'fhan príomhghníomhaíocht na heagraíochta mar a bhí, is é sin iniúchtaí a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn ar fud na cruinne d'árthaí atá cláraithe in Éirinn agus, chomh maith, d'árthaí eile in uiscí teorann agus in uiscebhealaí intíre na hÉireann, nó ar bord na n-árthaí sin.

## Rialachas

Cuireadh Bord an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú (MCIB) ar bun an faoi alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sa reachtaíocht seo a leanas: an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Tionóiscí a Imscrúdú), 2011, Acht na gComhphobal Eorpach, 1972; Rialacháin Loingis Cheannaíochta na gComhphobal Eorpach (Tionóiscí a Imscrúdú) (Leasú), 2020, agus an tAcht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) (Leasú), 2022. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair agus freagrach as a dheimhniú go mbíonn dea-rialachas ann. Leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, socraíonn an Bord cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha agus glacann cinntí straitéiseacha ar gach mórcheist ghnó. Is iad na Comhaltaí Boird

agus Rúnaí an Bhoird atá freagrach as bainistiú rialta laethúil, rialú agus treo MCIB.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Iompair, mar atá na nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. Samplaí de mhíreanna buana a phléann an Bord:

- dearbhú leasanna,
- clár rioscaí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ó imscrúduithe.

Ceanglaítear ar an mBord, faoi alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, na taifid go léir is cuí agus is gnách a choimeád d'airgead arna fháil agus arna chaitheamh ag an mBord, in aon fhoirm faoi mar a cheadódh an tAire Iompair é le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord MCIB na nithe seo a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta,
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an bhoinn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ar aghaidh i bhfeidhm, agus
- a chur in iúl ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn, tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas don Bhord a chinntiú go ndéanann a ráitis airgeadais alt 20(1) den

Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, a chomhlíonadh. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus as cruinneas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin MCIB.

Tá an Roinn Iompair freagrach as an mbuiséad bliantúil a leithdháileadh. Tugann MCIB próifíl ar a chaiteachas don Roinn Iompair i dtús na bliana. Mar gheall ar an saghas oibre a dhéanann MCIB, níl an Bord in ann phleanáil chinnte ná buiséadú cinnte a dhéanamh don chéad bhliain eile. Dá bharr sin, níor bhain an Bord feidhm as buiséad mar ghléas chun comparáid a dhéanamh san athbhreithniú ar fheidhmíocht MCIB in 2023.

Tá an Bord freagrach as a shócmhainní féin a chosaint agus, mar sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mí-rialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is deimhin leis an mBord go dtugtar léargas cothrom fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais MCIB an 31 Nollaig 2023 sna ráitis airgeadais.

## Cur i bhFeidhm

Éilítear de réir mhír 1.19 den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ('an Cód') nach mór timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a bheith ann chun tacú le lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit a straitéis a chur i bhfeidhm. Éilítear ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad a cheadú agus an fheidhmíocht féin a mheas go foirmiúil trí thagairt don phlean agus/nó don bhuiséad go bliantúil. Ní féidir le Bord MCIB aon phleanáil chinnte a dhéanamh don chéad bhliain eile mar gheall ar an saghas oibre a dhéanann an comhlacht, is é sin imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn d'árthaí cláraithe Éireannacha ar fud na cruinne, nó ar bord na n-árthaí sin, agus árthaí eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann.

## Struchtúr an Bhoird

Cúigear comhaltaí ar a laghad agus seachtar comhaltaí ar a mhéad a bhíonn ar an mBord, agus is é an tAire a dhéanann iad a cheapadh.

| COMHALTA BOIRD | RÓL | DÁTA CEAPTHA / TÉARMA CURTHA I GCRÍCH |
|---|---|---|
| Claire Callanan | An Cathaoirleach | Arna ceapadh in Eanáir 2019 |
| Dorothea Dowling | Leaschathaoirleach | Arna ceapadh in Aibreán 2017 |
| Frank Cronin | Gnáthchomhalta | Arna cheapadh in Aibreán 2017/Téarma curtha i gcrích i Márta 2023 |
| Keith Patterson | Gnáthchomhalta | Arna cheapadh in Iúil 2022 |
| John Carlton | Gnáthchomhalta | Arna cheapadh i mBealtaine 2023 |
| Phil Murphy | Gnáthchomhalta | Arna cheapadh i mBealtaine 2023 |
| Deirdre Lane | Gnáthchomhalta | Arna ceapadh i mBealtaine 2023 |

Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach an 9 Iúil 2020 nach raibh Éire tar éis Airteagal 8(1) de Threoir 2009/18/CE a chur chun feidhme mar ba cheart. Sa chinneadh, in éadan na hÉireann (ní in éadan MCIB), i dtaca le feidhmiú Threoir 2009/18/CE den 23 Aibreán 2009, sonraíodh gurbh fhéidir go raibh coinbhleacht ann agus nár mhór go mbeadh dearbhú ann ó thaobh neamhspleáchas struchtúrtha de. Achoimre ar an mbreithiúnas: ós rud é go bhfuil beirt státseirbhíseach in [MCIB] atá freagrach faoi seach as an [Roinn Iompair] agus as Oifig na Suirbhéireachta Muirí, údaráis phoiblí a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar an gcúram atá á leagan ar MCIB, fágann sé sin nach féidir a dhearbhú go mbeidh neamhspleáchas in eagrú ná cinnteoireacht an chomhlachta sin. Níor cuireadh aon fhianaise in aon chor ar fáil maidir le haon choinbhleachtaí a bhí tar éis teacht chun cinn in MCIB féin. Ní dhearnadh aon ghearán maidir le struchtúr dlíthiúil na heagraíochta.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh, tá bearta agus nósanna imeachta breise curtha i bhfeidhm ag an mBord lena áirithiú ar bhonn níos fearr go mbeifear ag feidhmiú go héifeachtach go leanúnach agus go cloífear leis an Treoir de réir mar a thuigtear í anois de réir CBAE.

Chun aghaidh a thabhairt ar chinneadh na Cúirte, thug an Stát faoi rialacháin leasaithe a fhorbairt, faoi Acht na

gComhphobal Eorpach, 1972 (I.R. Uimh. 444 de 2020) lena dheimhniú, maidir le daoine a ghlacann le ceachtar den dá ról, nach féidir na daoine siúd a cheapadh mar chomhaltaí den Bhord i gcás imscrúduithe a thiteann faoi raon feidhme na Treorach.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal den tinreamh ar na cruinnithe den Bhord do 2023 leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tugtar achoimre ansin ar na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta le linn na bliana.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

Tá an Bord tar éis plé le cuntasóir seachtrach mar chuid den athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Tugadh an tuarascáil chun críche agus rinne an Bord í a fhormheas i mBealtaine 2024.

## Athruithe ar Phríomhphearsanra

Chuaigh Frank Cronin ar scor mar Chomhaltaí Boird i Márta 2023. Ceapadh John Carlton, Phil Murphy agus Deirdre Lane mar Chomhaltaí Boird i mí na Bealtaine 2023. Ní raibh aon athruithe eile ar phríomhphearsanra sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

## Coistí

Níl aon choistí ann. Tugadh maolú leanúnach do MCIB i dtaca leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ar na struchtúir agus nósanna reatha atá i bhfeidhm in MCIB ó thaobh maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca de.

## Faisnéisithe a theastaíonn faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go bhfuil MCIB tar éis cloí le ceanglais an Chóid, mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtaí seo a leanas riachtanach de réir an Chóid:

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Thabhaigh baill foirne agus comhaltaí boird costais taistil agus chothaithe de €10,561 sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 (2022: €676).

### Costais Sainchomhairleoireachta

Ar na costais sainchomhairleoireachta a bhí ann bhí an costas as comhairle sheachtrach don bhainistíocht. Ní chuirtear san áireamh leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Treoir chomhairleach ar an bpróiseas reachtach agus cúrsaí gaolmhara | €50,770 | €62,662 |
| Iomlán | €50,770 | €62,662 |

Baineann táillí dlí agus táillí gairmiúla de €60,859 (2022: €24,300) le caiteachas ar phróisis a bhí seachfhoinsithe de réir 'gnó mar is gnách'. Bronnadh 80% dá chostais dlí ar MCIB a bhain le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a cosnaíodh go rathúil.

### Caiteachas Fáilteachais

Caitheadh €348 ar fháilteachas le linn na bliana (2022: €933). Baineann caiteachas fáilteachais le costais a tabhaíodh i gcás cruinniú boird.

## Nochtaí Breise

Tá miondealú ar nochtadh sochar 'gearrthéarmach' fostaithe mar chuid de Nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Níl aon fhaisnéisithe eile ann a bhaineann le costais agus socrúcháin dlí, fáilteachas, ná íocaíochtaí agus comhaontuithe foircinn/téarfa, de réir mar a éilítear a leithéid faoin gCód, ar an ábhar nár tabhaíodh aon chaiteachas sna catagóirí seo sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena dheimhniú go gcloífear leis an gCód. Tugadh maolú leanúnach do MCIB i dtaca leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ar na struchtúir agus nósanna reatha atá i bhfeidhm in MCIB ó thaobh maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca de.

Tugtar maoluithe do MCIB i gcás forálacha áirithe den Chód de bhrí chomh beag atá sé agus mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí a dhéanann sé. Luaitear na maoluithe sin thíos:

- Iniúchóireacht inmheánach, agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca[1]
- Fáil Réadmhaoine agus Diúscairt Réadmhaoine Barrachais
- Fáil Talún, Foirgneamh nó Sócmhainní Ábhartha eile
- Breithmheas ar Infheistíocht Chaipitiúil
- Éagsúlú, Bunú Fochuideachtaí agus Fáltais ag Comhlachtaí Stáit
- Diúscairt Sócmhainní Stáit
- Comhlíonadh úsáide Ceanglas um Cheantáil nó um Thairiscint[2]
- Ráiteas Inghlacthachta Riosca

Déanann MCIB gnóthas cuntasóirí a earcú a dhéanann na Ráitis Airgeadais a ullmhú gach bliain agus a thugann cúnamh do MCIB sa phróiseas iniúchta. Déantar foireann eile ón ngnóthas cuntasaíochta a earcú chomh maith le hathbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais MCIB.

Tá clár rioscaí á choinneáil ag MCIB. Déantar athbhreithniú air mar bhuanmhír i ngach cruinniú den Bhord.

Tugadh comhaontú maoirseachta MCIB chun críche an 7 Márta 2023 tar éis plé agus athbhreithniú a dhéanamh i gcomhar leis an DoT.

Claire Callanan
Cathaoirleach
11 Meitheamh 2024

1. Tá clár rioscaí agus Polasaí Riosca i bhfeidhm ag MCIB.
2. Baineann an maolú seo le míreanna 8.36 – 8.43 den Chód Cleachtais. Ní bhaineann sé le tairiscint ar ghnéithe reatha de chlár MCIB

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

## Raon feidhme Freagrachta

Thar ceann an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach don rialú inmheánach a chothú agus a chur i bhfeidhm. Tá ceanglais an Chóid á gcur san áireamh mar chuid den fhreagracht sin.

## An cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas chun fáil réidh leis go hiomlán. Níl an córas in ann ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in MCIB don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 suas le dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

## Cumas chun Plé le Riosca

Mar gheall ar chomh beag atá sé, tá maolú faighte ag an Roinn Iompair i dtaca le feidhmeannas na hIniúchóireachta Inmheánaí. Bíonn MCIB ag plé lena chuntasóirí seachfhoinsithe faoi láthair le hathbhreithniú ar rialú inmheánach a dhéanamh.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm in MCIB bunaithe ar Bheartas Riosca ina ndéantar príomhrioscaí a shonrú agus a thuairisciú agus ina dtugtar na bearta atá á nglacadh ag an lucht bainistíocht chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, más féidir, le chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sonraítear na príomhrioscaí atá roimh MCIB. Táthar tar éis na rioscaí sin a shonrú, a mheas agus a aicmiú de réir an leibhéil suntais a atá leo. Déantar athbhreithniú ar an gclár uair gach ráithe. Tá sé ina bhuanmhír ar chlár oibre an Bhoird má tharlaíonn go dteastódh leasuithe air idir na hathbhreithnithe sin. Baintear feidhm as an toradh ó na measúnuithe seo chun pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a leithdháileadh sa dóigh is go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil:

- taifead de nósanna imeachta do gach próiseas tábhachtach gnó,
- freagrachtaí airgeadais leagtha amach ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht oiriúnach ann dá réir,
- tugann an DoT buiséad bliantúil nach mbaineann le tuarastal de €598,000 do MCIB le caitheamh ar imscrúduithe agus caiteachas gnó eile. Déantar an buiséad a tharraingt anuas de réir mar a éiríonn iarmhéid bainc MCIB cóngarach do €50,000. Má bhíonn go leor cistí san iarmhéid bainc i ndeireadh na bliana, agus má bhíonn MCIB in ann a dheimhniú nach mbeidh tuilleadh cistí de dhíth, coinníonn an Roinn an chuid eile den deontas nár tarraingíodh anuas.
- córais i bhfeidhm leis na sócmhainní a chosaint.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- féadtar tuairisciú oibríochtúil gnó a úsáid le dearbhú a fháil faoin tslí a bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíocht bhainistíochta lena dheimhniú go mbíonn socruithe cáilíochta á sásamh i gcomhréir lena dteastaíonn i gcás réimsí sonracha riosca, agus
- tugann cuntasóirí neamhspleácha faoi athbhreithnithe ar rialú inmheánach gach bliain.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag MCIB lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoirlínte reatha ó thaobh soláthair deagus gur chloígh MCIB leis na nósanna imeachta sin i rith 2023.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag MCIB le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú riosca. Tá eolas ag na comhaltaí Boird ar fad ar an gcaiteachas go léir a dhéanann MCIB agus a ról reachtúil á chomhlíonadh. Cuireann Rúnaí an Bhoird ar an eolas iad ar bhonn leanúnach agus i ngach cruinniú míosúil den Bhord maidir le haon íocaíochtaí a dhéantar agus aon chúinsí a rachadh i bhfeidhm ar chúrsaí airgeadais MCIB. Caithfidh beirt chomhaltaí den Bhord gach íocaíocht a cheadú agus a údarú ar chóras baincéireachta AIB.


Cuirtear tuilleadh eolais ar fáil don fhaireachán agus athbhreithniú a dhéanann MCIB ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha, na cuntasóirí a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmeannas an rialaithe inmheánaigh agus an ardbhainistíocht in MCIB atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2023. Mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin bhí nósanna imeachta MCIB ón tréimhse sin chun faireachán a dhéanamh ar ghnó agus caiteachas leanúnach an Bhoird, agus chun iad a rialú. Chomh maith leis sin, úsáideadh tuarascáil na gcuntasóirí a earcaíodh i bhFeabhra 2024 le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha. Rinne an Bord an tuarascáil ón Athbhreithniú ar Rialú Inmheánach a phlé agus a fhormheas mar chuid de chruinniú an Bhoird an 7 Bealtaine 2024. Is deimhin leis an mBord gur láidir agus éifeachtach atá na rialuithe atá i bhfeidhm.

## Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sonraíodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca le 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Claire Callanan
Cathaoirleach
11 Meitheamh 2024

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir mar a éilítear a dhéanamh faoi fhorálacha alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Is éard atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus faoi chúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí lena mbaineann, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas cothrom fíor sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2023 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

## An bunús leis an tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta mar atá curtha i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé féin neamhspleách ar an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú. Tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leordhóthanach agus iomchuí an fhianaise atá faighte agam ón iniúchadh le bunús a thabhairt le mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú mar aon leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis an bhfaisnéis bhreise sin ná an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cuntas san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt i dtaca le faisnéis mar sin agus ar nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu mar eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

John Crean

Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an 13 Meitheamh 2024

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas um rialachas agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm mar atá forordaithe faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh lena dhéanamh amach an iomchuí bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- aon rialú inmheánach atá riachtanach, dar leo, chun ráitis airgeadais a ullmhú a bheidh saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú agus tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh ar bun agam dearbhú réasúnta a fháil maidir lena bhfuil na ráitis airgeadais saor ina n-iomláine ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Leibhéal ard dearbhaithe atá i gceist leis an dearbhú réasúnach. Níl aon chinnteacht ann, áfach, go mbraithfear ar mhíráiteas ábhartha i gcónaí más ann dá leithéid nuair a dhéantar iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Féadfaidh míráitis teacht chun cinn de bharr calaoise nó earráide. Meastar gur ábharach iad na míráitis, astu féin nó ina n-iomláine, dá mbeadh sé réasúnach a mheas go rachaidís i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanfadh úsáideoirí bunaithe ar an méid atá sna ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, léirím breithiúnas gairmiúil agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim na nithe seo: na rioscaí ó mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais a shonrú agus a mheas, bídís sin de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a úsáid de réir mar a d'fhreagródh do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil ar leibhéal sásúil cuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Is airde an riosca nach mbraithfear míráiteas ábharach mar gheall ar chalaois ná earráid. I gcás calaoise, d'fhéadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh de réir mar a oireann sna cúinsí, ach ní le tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí bainteacha.
- Tugaim cinneadh maidir lena oiriúnaí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus, bunaithe ar an bhfianaise ón iniúchadh, maidir le héiginnteacht ábhartha a bheith ann i dtaca le teagmhais nó cúinsí a d'fhágfadh amhras suntasach ar chumas an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, éilítear orm aird a dhíriú sa tuarascáil ar na faisnéisithe lena mbaineann sna ráitis airgeadais nó, murar leor na faisnéisithe sin, mo thuairim a athrú. Tá na conclúidí a thugaim bunaithe ar an bhfianaise atá faighte mar chuid den iniúchadh go dáta na tuarascála. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh eachtraí nó coinníollacha amach anseo ina gcúis leis an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, faisnéisithe san áireamh, agus tugaim tuairim maidir lena dtugann na ráitis airgeadais léiriú cothrom ar na hidirbhearta agus imeachtaí lena mbaineann.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as cúrsaí rialachais i dtaca le, i measc nithe eile, raon feidhme agus tráth beartaithe an iniúchta agus aon torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach arna sonrú agamsa le linn an iniúchta.

Tugaim tuairisc mar eisceacht má tharlaíonn ceann de na nithe seo, i mo thuairim,

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim don iniúchadh faighte agam, nó
- Murar leordhóthanach na taifid chuntasaíochta leis na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann an tuairim atá agam ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile atá á cur i láthair leis na ráitis sin. Ní thugaim aon saghas de chonclúid dearbhaithe ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh a bhí le déanamh agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile atá á cur i láthair a léamh agus, an méid sin á dhéanamh agam, mo mheas a thabhairt faoina bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta nó an bhfuil an chuma ar chúrsaí ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Bunaithe ar an obair atá déanta agam, má mheasaim go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Tugaim faoin iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúinsí speisialta a bhaineann le bainistiú agus feidhmiú comhlachtaí Stáit. Déanaim tuairisciú má aithním nithe ábhartha a bhaineann leis an tslí a bhfuiltear tar éis tabhairt faoi ghnóthaí poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisciú má aithním aon chás ábhartha nach bhfuiltear tar éis airgead poiblí a úsáid ar na cúiseanna beartaithe nó nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a bhí á rialú.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLL 2023 € | BLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLL 2022 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Airgead ón Oireachtas (Vóta 31, fo-cheannteideal C3) | | 435,922 | 370,575 |
| Ioncam ó tháillí saorála faisnéise | | 30 | - |
| | | 435,952 | 370,575 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | 4 | 141,718 | 132,190 |
| Foireann Shealadach | 4 | 23,871 | 22,398 |
| Táillí Comhaltaí Boird | 5 | 36,995 | 24,617 |
| Clódóireacht, Postas agus Stáiseanóireacht | | 7,695 | 14,403 |
| Dearadh an Láithreáin Gréasáin | | 861 | 1,722 |
| Speansais chun Taismí a Imscrúdú | 3 | 64,313 | 63,061 |
| Fógraíocht | | - | 2,162 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | | 2,503 | 2,815 |
| Léarscáileanna/Cairteacha | | 1,328 | 1,107 |
| Táillí Dlí agus Táillí Gairmiúla | | 60,859 | 24,300 |
| Treoir chomhairleach ar an bpróiseas reachtach agus cúrsaí gaolmhara | | 50,770 | 62,662 |
| Cuntasaíocht | | 9,225 | 5,233 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 9,600 | 8,700 |
| Táillí Bainc | | 338 | 381 |
| Oiliúint | | 12,232 | 23,881 |
| Speansais Éagsúla | | 726 | 136 |
| | | 423,304 | 389,768 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 12,648 | (19,193) |
| Easnamh Carntha an 1 Eanáir | | (126,711) | (107,518) |
| Easnamh Carntha an 31 Nollaig | | 114,063 | (126,711) |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10 mar pháirt de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
11 Meitheamh 2024

Margaret Bell
Rúnaí
11 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

An 31 Nollaig 2023

| | Nótaí | 31 NOLL 2023<br>€ | 31 NOLL 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 492 | 492 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 12,134 | 11,753 |
| | | 12,626 | 12,245 |
| **Creidiúnaithe** – asuimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain | | | |
| Suimeanna iníoctha | 2 | (126,689) | (138,956) |
| **Glandliteanais reatha** | | (114,063) | (126,711) |
| **Miondealú** | | | |
| Easnamh Carntha arna thabhairt ar aghaidh | | (126,711) | (107,518) |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 12,648 | (19,193) |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | (114,063) | (126,711) |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 10 mar pháirt de na Ráitis Airgeadais seo..

Claire Callanan
Cathaoirleach
11 Meitheamh 2024

Margaret Bell
Rúnaí
11 Meitheamh 2024

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

| | 31 NOLL 2023 € | 31 NOLL 2022 € |
|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Airgead (arna ghlacadh ag) oibríochtaí | 12,648 | (19,193) |
| Méadú / (laghdú) ar earraí infhaighte | - | - |
| Méadú / (laghdú) ar shuimeanna iníoctha | (12,267) | 6,743 |
| **Glan-insreabhadh airgid/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 381 | (12,450) |
| **Glanluach airgid arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | - | - |
| **Glanluach airgid arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe--** | - | - |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | 381 | (12,450) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | 11,753 | 24,203 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid i ndeireadh na bliana** | 12,134 | 11,753 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú leagtha amach thíos. Táthar tar éis iad a chur i bhfeidhm go seasta i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### a) Eolas Ginearálta

Cuireadh an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú ar bun faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibríochtaí an 5 Meitheamh 2002. Cuireadh ar bun go foirmiúil é an 25 Márta 2003. Tugann an Bord faoi imscrúdú neamhspleách a dhéanamh ar thaismí muirí in Éirinn agus tuarascálacha ar na torthaí a fhoilsiú.

### b) Ráiteas Comhlíontachta

Táthar tar éis ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá Bord an eintitis a bhí in oifig ar dháta formheasta na Ráiteas Airgeadais seo freagrach a dhearbhú go gcomhlíonfaidh an t-eintiteas lena oibleagáidí ábhartha. Dearbhaímid go bhfuil an t-eintiteas tar éis cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, (Lúnasa) 2016.

### c) Gnóthas leantach

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann an 9 Iúil 2020 i dtaca le gné amháin de chur chun feidhme Threoir 2009/18/CE sa tír. Tar éis anailís dlí a rinneadh ar an gcinneadh sin, d'éirigh beirt de na Comhaltaí Boird (an Príomh-Shuirbhéir agus ainmní an Ard-Rúnaí) as an mBord in Iúil 2020.

Ina leith sin, rinne an Roinn Iompair athbhreithniú in 2021 ar na struchtúir reatha eagraíochtúla atá mar bhonn faoi thaismí muirí a imscrúdú in Éirinn i gcomhthéacs oibleagáidí náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis an athbhreithniú measúnú a dhéanamh ar na struchtúir eagraíochtúla le taismí muirí in Éirinn a imscrúdú de réir mar a bhí siad ag an am agus aon mholtaí a bheadh ann, athruithe san áireamh, a leagan amach i dtuarascáil don Aire Iompair, d'fhonn na struchtúir ab oiriúnaí agus ab éifeachtaí le taismí muirí a imscrúdú a thabhairt isteach in Éirinn, ina gcuirfí san áireamh oibleagáidí náisiúnta, idirnáisiúnta, agus oibleagáidí faoin Aontas Eorpach. Ceann de na moltaí a tugadh san athbhreithniú ná go gcuirfí Aonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú ar bun.

Thug an Rialtas formheas i mí na Nollag, 2022, le go ndéanfaí Bille um Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) a dhréachtú le go ndéanfaí foráil maidir leis an Aonad um Thaismí Muirí a Imscrúdú a bhunú sa Roinn Iompair. Déantar foráil leis an Scéim Ghinearálta le go gcuirfear an tAonad um Imscrúdú Taismí Muirí ar bun sa Roinn Iompair. Tiocfaidh an tAonad um Imscrúdú Taismí Muirí in áit an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú mar an comhlacht buan a bheidh freagrach as taismí muirí a imscrúdú. Tá an Bille dírithe den chuid is mó ar an gcreat riachtanach a thabhairt don Aonad um Imscrúdú Timpistí Muirí le go mbeidh sé in ann feidhmiú go neamhspleách ó thaobh eagrúcháin, struchtúr dlí agus cinnteoireachta de ar aon pháirtí lena mbeadh coinbhleacht leasa ann i gcomhthéacs a shainchúraim. Déantar foráil leis an Scéim Ghinearálta le go mbeidh an chumhacht ag an Aire Iompair rialacha a dhéanamh chun reachtaíocht thánaisteach riachtanach a cheapadh i dtaca le soithí seirbhíse amach ón gcósta agus pearsanra tionscail a rialú.

Tá tús curtha le dréachtú an Bhille i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne agus tá an Scéim Ghinearálta curtha chuig an gComhchoiste Oireachtais ar Iompar agus Cumarsáid le go ndéanfar grinnscrúdúcháin réamhreachtach uirthi. Déanfar an Bord um Thaismí Muirí a Imscrúdú a scaoileadh nuair a bheidh an tAonad sin curtha ar bun.

### d) Bunús an ullmhaithe

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a mheastar ar luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm arna formheas ag an Aire Iompair le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go seasta agus plé á dhéanamh le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú.

### e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Baineann na ráitis airgeadais leis an tréimhse 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2023.

### f) Airgeadra

Tá na ráitis airgeadais á gcur i láthair in Euro (€), arb é sin airgeadra feidhmiúcháin an Bhoird.

### g) Airgead ón Oireachtas

Is é is Ioncam ó Airgead ón Oireachtas ann an t-airgead tirim agus na costais as tuarastal ball foirne ar iasacht a fuarthas sa bhliain ón Roinn Iompair chomh maith le híocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair sa bhliain thar ceann bhaill foirne an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú*.

*Nóta: Triúr ball foirne buan a bhí ar Rúnaíocht an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú in 2023, arna sannadh ón Roinn Iompair.

### h) Aitheantais do Chostais Imscrúduithe

Fabhraítear costais a bhaineann le himscrúduithe atá fós ar bun i ndeireadh na bliana, bunaithe ar chostais mheasta gach imscrúdaithe. Cuireann imscrúdaitheoirí sonrasc chuig an MCIB tar éis dóibh imscrúduithe a chur i gcrích agus an tuarascáil a fhoilsiú. Íoctar speansais eatramhacha agus speansais taistil de réir mar a thagann siad chun cinn.

### i) Aoisliúntas

I gcás baill foirne atá ceaptha chun feidhmiú mar Rúnaíocht don MCIB, tá siad siúd á gclúdach faoi shocruithe pinsin cuí na Roinne. Níl an Bord faoi aon dliteanais as pinsin dá réir sin.

### j) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Samplaí d'airgead tirim agus coibhéisí airgid: airgead ar láimh, taiscí gearrfhógra i mbainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarma eile a bhfuil aibíochtaí tosaigh trí mhí nó níos lú ná sin ag baint leo agus rótharraingtí bainc. Tá rótharraingtí bainc le feiceáil leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha.

## Nóta 2. Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite taobh istigh de bhliain

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---:|---:|
| Fabhruithe | 118,016 | 131,192 |
| Suimeanna iníoctha | - | 2,460 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla | 8,673 | 5,304 |
| | 126,689 | 138,956 |

## Nóta 3. Speansais chun Taismí a Imscrúdú

Chuir an Bord 9 n-imscrúdú i gcrích sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus d'fhoilsigh tuarascálacha ar gach imscrúdú acu sin. Ba é an costas iomlán as na himscrúduithe a cuireadh i gcrích in 2023 €68,233. Foilsíodh 2 thuarascáil eatramhacha in 2023 ar imscrúduithe a bhí fós ar bun. Bhí 14 imscrúdú fós ar bun an 31 Nollaig 2023. D'fhéadfadh costas €100,250 a bheith ag baint leis an obair seo, costas atá curtha san áireamh san fhigiúr do speansais fhabhraithe i nóta 2. Fabhraítear costais imscrúdaithe sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas.

Chomh maith leis sin, á gcur san áireamh sna speansais imscrúdaithe tá costais taistil agus chothaithe arna dtabhú ag imscrúdaitheoirí, is iad sin costais €8,363 (2022: €5,830) - de bharr cinneadh a ghlac an Bord i mí na Nollag 2020 go gcúiteofaí imscrúdaitheoirí as caiteachas dearbhaithe taistil agus cothaithe comhaontaithe ar rátaí na Státseirbhíse.

## Nóta 4. Costais Foirne

### Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí an Bhoird agus an fhoireann ardbhainistíochta atá sa phríomhphearsanra bainistíochta sa Bhord um Thaismí Muirí a Imscrúdú. Tá luach iomlán na sochar fostaithe atá ag an bpríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Chuir an Roinn Iompair triúr ball foirne lánaimseartha ar fáil mar Rúnaíocht bhuan. Rinne an Roinn costais foirne a fhorchúiteamh ó leithroinnt deontais an Bhoird. Bhí triúr ball foirne sannta ag an Roinn Iompair ar an mBord i ndeireadh 2023 agus triúr ball foirne sannta i ndeireadh 2022. Bhí ball sealadach ag teastáil le linn na bliana. Íocadh táille €23,871 an duine seo as na cistí a raibh fáil ag an mBord um Thaismí Muirí a Imscrúdú orthu.

Tá sonraí sa tábla thíos maidir leis na baill foirne ar gach banda pá.

| Sochair ghearrthéarmacha fostaithe**<br>€ | 2023<br>An líon fostaithe sa bhanda | 2022<br>An líon fostaithe sa bhanda |
|---|---|---|
| 0 – 59,999 | 2 | 2 |
| 60,000 – 69,999 | - | - |
| 70,000 – 79,999 | 1 | 1 |
| > 80,000 | - | - |

**Tugtar faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair fostaí ghearrthéarmacha i dtaca le seirbhísí arna rindreáil le linn thréimhse an tuairiscithe liúntais tuarastail ragoibre agus íocaíochtaí eile arna ndéanamh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra

## Nóta 5. Táillí agus Speansais Comhaltaí Boird

Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord le hathbhreithniú a dhéanamh ar a chuid oibríochtaí. Bhí 11 ghnáthchruinniú ag an mBord in 2023.

Bhí seisear comhaltaí ar an mBord an 31 Nollaig 2023.

Bhí na táillí a bhí iníoctha leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí Boird do 2023 ar rátaí a bhí ceadaithe agus formheasta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugadh táille pro rata don Chathaoirleach agus do na comhaltaí Boird.

**Tá sceideal de Thinreamh agus Táillí 2023 leagtha amach thíos:**

| Comhalta Boird | Cruinnithe ar fhreastail an Comhalta orthu | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Claire Callanan | 11-Samh | 8,978 | 8,978 |
| Frank Cronin (ar scor i Márta 2023) | 03-Samh | 1,496 | 5,985 |
| Dorothea Dowling | 08-Samh | 5,985 | 5,985 |
| Keith Patterson | 10-Samh | 5,985 | 2,993 |
| John Carlton (arna cheapadh Bealtaine 2023) | 06-Samh | 3,990 | |
| Deirdre Lane (arna ceapadh Bealtaine 2023) | 07-Samh | | |
| Phil Murphy (arna cheapadh Bealtaine 2023) | 06-Samh | | |
| **Táillí Iomlána** | | **26,434** | **23,941** |

Íoctar ráta bliantúil aonuaire le comhaltaí boird seachas ráta bunaithe ar thinreamh ar chruinnithe. Is éard atá sna suimeanna thuas na méideanna comhlána iníoctha le comhaltaí.

Íocadh speansais taistil €10,561 le comhaltaí den Bhord in 2023 as freastal ar na Cruinnithe Boird le linn na bliana sin.

## Nóta 6. Gnóthas Leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023, thaifead an Bord barrachas oibriúcháin de €12,648 agus easnamh carntha de €126,711 don tréimhse 2002 - 2022. Tá maoiniú faighte in 2023. Meastar go bhfaighfear é go leanúnach lena chinntiú go mbeidh an Bord in ann gach dliteanas a shásamh.

## Nóta 7. Costais Oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair cóiríocht ar fáil don Bhord, úsáid sócmhainní seasta san áireamh, saor in aisce in áitreabh na Roinne i Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Déanann an Bord a chostais oibriúcháin féin a mhaoiniú seachas na seirbhísí seo a leanas atá á gcur ar fáil ag an Roinn Iompair saor in aisce:

- Teicneolaíocht faisnéise agus teileafón
- Costais as postas, stáiseanóireacht agus clódóireacht inmheánach (seachas costais a bhaineann le himscrúduithe)
- Glantachán
- speansais oifige eile, soilse agus teas san áireamh.

## Nóta 8. Cáin

I gcomhréir le halt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon cháin agus ní gá aon fhoráil a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais.

## Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasanna

Tá gach comhalta den Bhord tar éis glacadh le nósanna imeachta i gcomhréir le halt 17 agus alt 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Tugann an Bord faoina ghnó ar bhealach atá neamhchlaonta agus ar bhealach a bhfuil an chuma sin air i gcomhréir le Cód Iompair Gnó an Bhoird um Thaismí Muirí a Imscrúdú (féach www.mcib.ie). Is é atá beartaithe leis an gCód cnuasach comhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a shocrú le gnó an Bhoird a chur i gcrích, le muinín agus iontaoibh sa Bhord a chur chun cinn agus a chothú, agus ionas nach dtiocfaidh aon chleachtais neamheiticiúla chun cinn sa Bhord agus le nach nglacfar lena leithéid. Cuireann comhaltaí an Bhoird in iúl don Rúnaí má bhíonn coinbhleacht leasa ann agus fágfaidh siad cruinniú Boird má thagann coinbhleacht leasa chun cinn.

Tugann gach comhalta Boird foirm chomhlánaithe um Ráiteas ar Leasanna don Rúnaí faoin 31 Eanáir gach bliain, é sin chun cloí leis na ceanglais sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Cuirtear freagraí nialasacha isteach chomh maith.

## Nóta 10. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas an 5 Márta 2024.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Leeson Lane, Dublin 2. Telephone: 01-678 3485. Fax: 01-678 3493. www.mcib.ie